RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/104 ÓN gCOIMISIÚN

an 12 Eanáir 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cruach i ndiaidh tuarascáil a bheith glactha ag Comhlacht na hEagraíochta Domhanda Trádála um Réiteach Díospóidí

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/478 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Márta 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ([1]) agus go háirithe Airteagail 16 agus 20 de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe ([2]), agus go háirithe Airteagail 13 agus 16 de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

Cúlra

(1) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1013 ón gCoimisiún ([3]) ("an Rialachán Sealadach"), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach beart coimirce sealadach ar tháirgí áirithe cruach. Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún ([4]) ("an Rialachán Cinntitheach"), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach beart coimirce cinntitheach ar tháirgí áirithe cruach ("an beart coimirce").

(2) An 13 Márta 2020, d'iarr an Tuirc comhairliúcháin leis an Aontas Eorpach de bhun Airteagail 1 agus 4 den Chomhaontú maidir le Rialacha agus Nósanna Imeachta a Rialaíonn Réiteach Díospóidí, Airteagal XXIII:1 den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 (GATT 1994), agus Airteagal 14 den Chomhaontú maidir le Bearta Cosanta.

(3) Reáchtáladh comhairliúcháin idir an tAontas Eorpach agus an Tuirc an 29 Aibreán 2020 ach níor réitíodh an díospóid.

(4) An 16 Iúil 2020, d'iarr an Tuirc go mbunófaí painéal. Bunaíodh painéal an 28 Lúnasa 2020. Scaipeadh an Tuarascáil ón bPainéal an 29 Aibreán 2022. Ós rud é nach ndearna aon cheann de na páirtithe achomharc i gcoinne na tuarascála ón bpainéal, ghlac an Comhlacht um Réiteach Díospóidí í an 31 Bealtaine 2022 ([5]).

(5) Le teachtaireacht chuig an Eagraíocht Dhomhanda Trádála an 5 Lúnasa 2022 ([6]), an tréimhse ama réasúnta don Aontas Eorpach moltaí agus rialuithe DSB sa díospóid *An tAontas Eorpach – Bearta Coimirce maidir le Táirgí Áirithe Cruach* (DS595) a chur chun feidhme, chuir an Tuirc agus an tAontas Eorpach in iúl, de bhun Airteagal 21.3(b) den *Chomhaontú maidir le Rialacha agus Nósanna Imeachta a Rialaíonn Réiteach Díospóidí*, go dtiocfaidh deireadh leis an tréimhse sin an 16 Eanáir 2023, arb é sin seacht mí agus sé lá déag ó ghlacadh mholtaí agus rialuithe an Chomhlachta um Réiteach Díospóidí an 31 Bealtaine 2022.

(6) De bharr na n-imeachtaí sin, d'fhoilsigh an Coimisiún an 24 Lúnasa 2022 Fógra Tionscnaimh ([7]) lenar cuireadh in iúl go bhfuil rún aige an Tuarascáil ón bPainéal a chur chun feidhme tríd an mbeart bunaidh a thabhairt i gcomhréir le rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála sna cásanna sin inar aimsigh an Painéal neamhréireachtaí, agus iarradh ar na páirtithe leasmhara barúlacha a chur isteach.

(7) Chuir roinnt páirtithe barúlacha isteach laistigh den sprioc-am a leagadh síos, agus cuireadh san áireamh go cuí iad.

([1]) IO L 83, 27.3.2015, lch. 16.
([2]) IO L 123, 19.5.2015, lch. 33.
([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1013 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear beart coimirce sealadach in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 181, 18.7.2018, lch. 39).
([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 ón gCoimisiún an 31 Eanáir 2019 lena bhforchuirtear beart coimirce cinntitheach in aghaidh allmhairí táirgí áirithe cruach (IO L 31, 1.2.2019, lch. 27).
([5]) WT/DS595/R *European Union – Safeguard Measures on Certain Steel Products,* [An tAontas Eorpach – Bearta Coimirce maidir le Táirgí Áirithe Cruach], an 29 Aibreán 2022.
([6]) WT/DS595/13, an 9 Lúnasa 2022.
([7]) IO C 320, 24.8.2022, lch. 47.

Aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara

(8) Chuir roinnt páirtithe leasmhara barúlacha isteach tar éis fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh. Mar réamhbhreathnóireacht, thug an Coimisiún dá aire nach raibh i gcuid de na barúlacha a thug páirtithe leasmhara ach athrá ar thorthaí an Phainéil.

(9) Rinne an Coimisiún anailís ar dtús ar na barúlacha sonracha ó Rialtas na Tuirce, ós rud é gurbh é an páirtí a rinne agóid i gcoinne an bhirt coimirce os comhair an Chomhlachta um Réiteach Díospóidí, agus ansin rinne sé anailís ar na barúlacha a chuir na páirtithe leasmhara eile isteach.

(10) Maidir le forbairtí gan choinne, mhaígh Rialtas na Tuirce nach bhfuil aon fhianaise sa taifead a chuirfeadh ar a chumas don Choimisiún na forbairtí gan choinne a nascadh leis an méadú ar allmhairí. Thug sé dá aire nach raibh comhtharlú ann ó thaobh ama de idir ró-acmhainneacht agus an méadú ar allmhairí, nach ndearna an Coimisiún an scrúdú ba ghá ar bhearta ionstraimí cosanta trádála i dtríú tíortha ná ar an nasc atá acu leis an méadú ar allmhairí, agus gur tugadh isteach Roinn 232 na Stát Aontaithe tar éis an mhéadaithe ar allmhairí isteach san Aontas. Mhaígh Rialtas na Tuirce freisin gur cheart don Choimisiún, dá n-úsáidfeadh sé faisnéis nua, na hathruithe ar na dálaí a tharla le linn na tréimhse ama a bhí an beart i bhfeidhm a chur san áireamh, amhail roinnt tíortha, lena n-áirítear an tAontas féin, a eisiamh ó bhearta Roinn 232.

(11) Níor aontaigh an Coimisiún le dearcadh Rialtas na Tuirce nach bhféadfaí an ghné sin den bheart a chur ina ceart. Mar a léirítear go mion i Roinn 1.1 den Iarscríbhinn, bhí faisnéis leordhóthanach le fáil sular forchuireadh an Coimirce Cinntitheach, faisnéis a léirigh go soiléir go raibh méadú tagtha ar allmhairí isteach san Aontas mar thoradh ar fhorbairtí gan choinne. Níor úsáid an Coimisiún aon sonraí nach raibh le fáil nuair a forchuireadh an beart cinntitheach chun críoch na hIarscríbhinne a ghabhann leis an Rialachán seo.

(12) Maidir leis na torthaí a bhaineann le bagairt mórdhíobhála, mheas Rialtas na Tuirce nach bhféadfadh na bearta frithdhumpála agus frithchúitimh a bheith ina gcúis le téarnamh an tionscail intíre. Maidir leis na tosca eile ar bhraith an Coimisiún orthu chun an feabhas páirteach ar fheidhmíocht thionscal an Aontais a mhíniú in 2017, thug Rialtas na Tuirce dá aire gur chinn an Painéal go raibh tionchar ag na tosca sin ar an tionscal intíre agus ar allmhairí ar bhealaí comhchosúla agus, dá bhrí sin, nárbh fhéidir iad a úsáid mar mhíniú ar an bhfeabhsú sin agus nár léiríodh go rachadh athruithe ar na tosca sin chun tairbhe na n-allmhairí níos mó ná an tionscal intíre.

(13) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún tagairt dá thorthaí i ranna 1.2.1 agus 1.2.2 den Iarscríbhinn a thagann salach ar mhaímh Rialtas na Tuirce.

(14) Ar deireadh, thug Rialtas na Tuirce dá aire gur chinn an Painéal fiú dá dtiocfadh méadú ar allmhairí in 2018, nach dtiocfadh de thátal as sin go huathoibríoch go bhfuil lagú suntasach foriomlán ar staid an tionscail intíre, ar léir go bhfuil sé ar tí tarlú.

(15) Maidir leis sin, mhínigh an Coimisiún san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo na heilimintí go léir a chuir sé san áireamh chun an méid seo a leanas a chinneadh: i) gur dócha go leanfaidh allmhairí de bheith ag méadú; ii) bheadh éifeachtaí diúltacha ag méadú den sórt sin ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais i bhfianaise na bhforbairtí is déanaí agus na bhforbairtí a bhfuiltear ag súil leo amach anseo maidir le príomhthosca i margadh cruach an Aontais agus ar fud an domhain. Dá bharr sin, an anailís shubstainteach a rinne an Coimisiún, ní dhearnadh talamh slán inti sin go ndéanfadh méadú ar allmhairí, ann féin agus gan eilimintí ábhartha eile a chur san áireamh, mórdhíobháil do thionscal an Aontais in éagmais beart coimirce. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún anailís mhionsonraithe ar na heilimintí ábhartha a d'fhág gur thángthas ar an gconclúid go mbainfeadh mórdhíobháil do thionscal an Aontais mura nglacfaí aon bheart. Dá bhrí sin, diúltaíodh do mhaímh Rialtas na Tuirce.

(16) Maidir leis na barúlacha a fuarthas ó na páirtithe leasmhara eile, d'áitigh cuid acu gur cheart don Choimisiún deireadh iomlán a chur leis an mbeart toisc go raibh torthaí an Phainéil den chineál sin is nach féidir an beart a chur chun feidhme ar bhealach eile.

(17) Maidir leis an maíomh ginearálta sin, chuir an Coimisiún in iúl go bhfuil sé de cheart aige, faoi rialacha na hEagraíochta Domhanda Trádála, an beart a chur chun feidhme agus é a thabhairt i gcomhréir leis na rialacha maidir leis na gnéithe sin ar chinn an Painéal nach raibh siad ag teacht leo. Mar a léirítear san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, bhí torthaí an phainéil de chineál a chuir ar a chumas don Choimisiún an beart a thabhairt i gcomhréir le forálacha ábhartha na hEagraíochta Domhanda Trádála, agus dá bhrí sin, níor ghá an beart a fhoirceannadh mar thoradh ar Thuarascáil an Phainéil.

An méadú ar allmhairí mar thoradh ar fhorbairtí gan choinne agus éifeachtaí oibleagáidí

(18) Luaigh páirtí leasmhar gur tharla roinnt athruithe ar bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe agus nach ann don bhaol go ndéanfaí sraonadh trádála a thuilleadh nó go mbeadh an baol sin i bhfad níos lú, agus mar thoradh air sin, ba cheart an beart coimirce a fhoirceannadh.

(19) Thug an Coimisiún dá aire nach dtagann forbairtí a tharla tar éis fhorchur an bhirt chinntithigh faoi raon feidhme na sonraí ar féidir brath orthu chun tuarascáil an Chomhlachta um Réiteach Díospóidí a chur chun feidhme. Is é is cuspóir don imscrúdú seo, mar a luaitear san Fhógra Tionscnaimh, na torthaí bunaidh a fhorlíonadh le sonraí a bhí ar fáil cheana féin tráth a rinneadh an t-imscrúdú bunaidh. Níor cuireadh aon fhíoras *ex post* san áireamh.

(20) Mhaígh páirtí leasmhar nár tharla an méadú ar allmhairí isteach san Aontas mar thoradh ar aon cheann de na hoibleagáidí a ghabh an tAontas air féin faoi GATT 1994 agus nár luaigh an Coimisiún aon cheann de na hoibleagáidí sin ina chinneadh bunaidh.

(21) Thagair an Coimisiún dá mhínithe i roinn 1.3 den Iarscríbhinn, a bhréagnaíonn an argóint sin.

(22) Mheas páirtí leasmhar nach raibh forbairtí gan choinne ann a raibh méadú ar allmhairí mar thoradh orthu agus dá bharr sin, ní raibh an Coimisiún in ann an ghné sin den Tuarascáil ón bPainéal a chur chun feidhme.

(23) Thug an Coimisiún dá aire go raibh an ráiteas sin mícheart ó thaobh fíoras de mar gur dheimhnigh an Painéal ([8]) na forbairtí gan choinne ar thug an Coimisiún tuairisc orthu sa bheart coimirce cinntitheach. Dá bhrí sin, measadh nach raibh bunús leis an maíomh sin agus diúltaíodh dó.

(24) Thug páirtí leasmhar dá aire, an baol go ndéanfaí sraonadh trádála agus go mbeadh méadú ar allmhairí ann mar thoradh ar Roinn 232 na Stát Aontaithe Mheiriceá, nach raibh an baol sin ábhartha dá thír ar roinnt cúiseanna.

(25) Chuir an Coimisiún in iúl nach ar bhonn aonair a rinneadh an anailís ar allmhairí méadaithe agus ar an mbaol go ndéanfaí sraonadh trádála i gcás gach tíre is onnmhaireoir, ach, ina iomláine, toisc go bhfuil an beart coimirce le cur i bhfeidhm *erga omnes*. Ar aon nós, ba mhian leis an gCoimisiún a chur in iúl, ní hamháin go raibh an páirtí leasmhar sin dírithe ar chás sonrach aon tír onnmhairiúcháin amháin, ach freisin ar an staid shonrach a bhaineann le tionscal amháin a úsáideann cruach, agus ar an mbealach sin déantar neamhaird d'aon fheidhmíocht ón tír is onnmhaireoir sin sna deighleoga uile eile a bhaineann úsáid as cruach. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh sin dá bhrí sin.

Bagairt mórdhíobhála

(26) Mheas roinnt páirtithe leasmhara go raibh torthaí an Phainéil maidir leis an ngné sin den bheart de chineál nach raibh ar chumas an Choimisiúin an beart a chur chun feidhme gan é a fhoirceannadh.

(27) Níor aontaigh an Coimisiún leis an gcineál sin maímh ar na cúiseanna a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, inar chruthaigh sé go raibh na torthaí bunaidh bailí agus gur neartaíodh an t-údar atá leo leis na sonraí agus mínithe breise atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

(28) Mheabhraigh roinnt páirtithe leasmhara toradh an Phainéil go raibh locht ar mhíniú an Choimisiúin ar ról na mbeart frithdhumpála agus frithchúitimh i dtéarnamh páirteach thionscal an Aontais.

([8]) Féach Tuarascáil ón bPainéal, mír 7.117.

(29) Maidir leis sin, d'aithin an Coimisiún nach raibh an Painéal sásta leis na mínithe sna rialachán cinntitheach. Mar sin féin, is é cuspóir an chleachtaidh um chur chun feidhme an deis a thabhairt don údarás imscrúdúcháin feabhas a chur ar na gnéithe sin den bheart a mheas an Painéal a bheith lochtach go pointe áirithe, amhail an ceann dá ndearna na páirtithe leasmhara sin tagairt. Dá bhrí sin, chuir an Coimisiún an fhaisnéis bhreise agus na mínithe breise is gá ar fáil i Roinn 1.2.2 den Iarscríbhinn a mhéid a bhaineann le cinneadh sin an Phainéil.

(30) D'áitigh páirtí leasmhar, mura ndearna an Coimisiún tagairt shainráite do thosca áirithe mar thosca a bhfuil tionchar acu ar staid thionscal an Aontais, nach bhféadfadh sé iad a úsáid ina réasúnú agus an beart á chur chun feidhme.

(31) Thug an Coimisiún dá aire go raibh saincheist glactha ag an bPainéal maidir leis an leibhéal sonraí a soláthraíodh i gcásanna áirithe den bheart bunaidh. San Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, chuir an Coimisiún na gnéithe sin a mheas sé agus an cinneadh bunaidh á dhéanamh aige ach nár leagadh amach sa rialachán cinntitheach. Dar leis an gCoimisiún, dá nglacfaí leis an maíomh ón bpáirtí leasmhar, b'ionann sin agus a rá, aon uair a cháintear údarás imscrúdúcháin toisc nach bhfuil leibhéal leordhóthanach sonraí á sholáthar aige ina chuid mínithe nó réasúnaíochta, nach bhféadfadh an deis a bheith ag an údarás sin a thuilleadh é sin a leigheas trí bhíthin cur chun feidhme. Níor aontaigh an Coimisiún leis an tuairim sin, ós rud é gur mheas sé go beacht gurb é cuspóir an chur chun feidhme cead a thabhairt d'údarás imscrúdúcháin a bheart a thabhairt i gcomhréir, e.g. trí réasúnú níos fearr agus níos iomláine a chur ar fáil ná mar atá sa rialachán cinntitheach, mar ba iad sin torthaí an Phainéil. Dá réir sin, dhiúltaigh sé don mhaíomh.

(32) Mhaígh roinnt páirtithe leasmhara nach gá go dtiocfadh cás mórdhíobhála do tháirgeoirí an Aontais as an bhféidearthacht go dtiocfadh méadú breise ar allmhairí agus as an bhféidearthacht sin amháin.

(33) Rinne an Coimisiún anailís mhionsonraithe ar an gcaoi a dtarlódh méadú breise ar allmhairí agus ar na cúiseanna le méadú den sórt sin a bheith ina chúis le cás mórdhíobhála do thionscal an Aontais. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(34) Ar deireadh, luaigh roinnt páirtithe leasmhara argóintí a bhaineann, mar shampla, le feidhmíocht thionscal an Aontais sna blianta tar éis fhorchur an bhirt coimirce nó na bhforbairtí a tharla ina dhiaidh, amhail staid tháirgeoirí an Aontais agus tríú tíortha eile faoi bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe, éabhlóid na n-allmhairí nó an "ghéarchéim fuinnimh".

(35) Dhiúltaigh an Coimisiún do na maímh sin uile toisc gur thit siad lasmuigh de raon feidhme substainteach tráthúil an chleachtaidh um chur chun feidhme, toisc gur bhain siad le himeachtaí nach raibh baint acu le forchur an bhirt chinntithigh go luath in 2019.

(36) Ar na cúiseanna atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, mheas an Coimisiún gur chuir sé rialú na hEagraíochta Domhanda Trádála chun feidhme ina iomlán. Ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159 a leasú tríd an réasúnaíocht atá san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo a chur leis an Rialachán sin, rud a fhorlíonann na torthaí san imscrúdú bunaidh.

(37) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Choimircí a bunaíodh faoi Airteagal 3(3) de Rialachán (AE) 2015/478 agus faoi Airteagal 22(3) de Rialachán (AE) 2015/755 faoi seach;

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

An téacs a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo, cuirtear le Rialachán (AE) 2019/159 mar Iarscríbhinn V é.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 2 Feabhra 2019.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Eanáir 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

"IARSCRÍBHINN V

Tarraingteacht mhargadh an Aontais

(1) Sa chinneadh bunaidh uaidh, mhínigh an Coimisiún go raibh margadh cruach an Aontais tarraingteach i gcás allmhairí ó thaobh méide agus praghsanna de ([1]). I ndáil leis sin, de réir shonraí ECFE ([2]), sna blianta sular tionscnaíodh an t-imscrúdú ar forchuireadh beart coimirce dá bharr, ba é margadh an Aontais an chríoch allmhairiúcháin ba mhó ó thaobh méideanna de, agus bhí idir 13.8 % agus 18.4 % de sciar domhanda na n-allmhairí ag dul isteach san Aontas le linn na tréimhse sin.

(2) Chomh maith leis na méideanna, bhí margadh an Aontais an-tarraingteach ó thaobh praghsanna de. Go deimhin, léirigh anailís ar na sonraí ábhartha ([3]) gur bhain na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas amach, i gcás cion mór dá n-onnmhairí (idir 46 % agus 78 % de na cóid AC lena mbaineann), praghas níos airde i margadh an Aontais i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin a baineadh amach i dtríú margaí eile le haghaidh na gcód AC céanna. I gcás na dtíortha sin, sciar tábhachtach dá n-onnmhairí a bhí i margadh an Aontais, arb é an príomhcheann scríbe onnmhairiúcháin nó atá ar cheann de na príomhchinn scríbe onnmhairiúcháin i gcás na dtíortha sin. I gcásanna áirithe bhí an sciar níos mó ná 25 % agus sroicheadh 32 % fiú i mbliain áirithe ([4]).

(3) Deimhníodh tarraingteacht mhargadh an Aontais freisin, mar go raibh na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach ([5]) ag laghdú onnmhairí chuig tríú tíortha agus, san am céanna, bhí siad ag méadú a n-onnmhairí chuig an Aontas go tapa. Go háirithe, tháinig laghdú níos mó ná 11 mhilliún tona (-8 %) ar onnmhairí chuig tríú tíortha eile ó na tíortha tionscnaimh sin in 2018 ([6]), i gcomparáid le 2017 ([7]). Ar an taobh eile, sa tréimhse chéanna, tháinig méadú níos mó ná 3 mhilliún tona (+ 14 %) ar allmhairí isteach san Aontas ó na tíortha tionscnaimh sin ([8]). Léirigh na treochtaí contrártha sin, cé gur tháinig laghdú ginearálta ar allmhairí chuig tríú tíortha eile, i gcomhthéacs ina raibh méadú ag teacht ar ró-acmhainneacht agus ina raibh níos mó srianta ar rochtain ar mhargaí ar fud an domhain (féach Ranna 1.1.1 agus 1.1.2 thíos), agus in éagmais aon fhorbairtí móra dearfacha maidir lena dtomhaltas intíre, thapaigh táirgeoirí onnmhairiúcháin an deis méideanna níos mó agus níos mó a dhíol chuig margadh an Aontais.

(4) Dá bhrí sin, is léir ó na sonraí thuas go raibh margadh an Aontais tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin ó thaobh méideanna agus praghsanna de.

1. **ANAILÍS**

1.1. **An méadú ar allmhairí mar thoradh ar fhorbairtí gan choinne**

(5) Mar sin, soláthraíonn na foranna thíos faisnéis bhreise agus míniú níos mionsonraithe lena nasctar gach ceann de na forbairtí gan choinne a sainaithníodh leis an méadú ar allmhairí a bhí ann, agus ar an gcaoi sin forlíontar na torthaí bunaidh.

1.1.1. *Méadú ar allmhairí chuig an Aontas i ngeall ar ró-acmhainneacht dhomhanda san earnáil cruach*

(6) Sa chinneadh bunaidh, shuigh an Coimisiún go raibh ró-acmhainneacht ann san earnáil cruach agus d'ainneoin iarrachtaí arb é is aidhm dóibh í a laghdú, tháinig méadú uirthi i rith na tréimhse imscrúdúcháin mar sin féin ([9]).

([1]) Féach aithris (35) den Rialachán Sealadach, agus Roinn 4 den Rialachán Cinntitheach.

([2]) Féach ECFE, 'Recent Developments in Steel Trade and Trade Policy Measures' [Forbairtí le déanaí maidir le Trádáil Cruach agus Bearta Beartais Trádála], DSTI/SC(2018)3, lch. 9, tábla 3.

([3]) Foinse: Ríomhanna AS TRADE bunaithe ar shonraí ón Global Trade Atlas (https://ihsmarkit.com/index.html) — amhábhair ar fáil le síntiús — an tréimhse a ndearnadh anailís uirthi: 2014-2017. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an Nóta a ghabhann leis an gcomhad dar dáta an 30 Samhain 2022, tábla 1.

([4]) *Ibid*

([5]) Ba iad na tíortha sin: An tSín, an India, an Rúis, an Chóiré Theas, an Téaváin, an Tuirc agus an Úcráin, agus tháinig thart ar 75 % d'iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas in 2018 ó na tíortha sin.

([6]) Sonraí don bhliain iomlán 2018 agus iad eachtarshuite bunaithe ar na sonraí atá ar fáil don tréimhse Eanáir-Samhain 2018.

([7]) Foinse: Global Trade Atlas (https://ihsmarkit.com/index.html) — ar fáil le síntiús.

([8]) Féach aithris (32) den Rialachán Sealadach.

([9]) Féach aithrisí (31) agus (32) den Rialachán Sealadach, agus aithrisí (51) go (54) den Rialachán Cinntitheach.

(7) Tá sé deimhnithe go comhsheasmhach ag roinnt foinsí go bhfuil nasc díreach idir acmhainneacht iomarcach san earnáil cruach agus an tionchar atá aici ar onnmhairí. Mar shampla, luaigh ECFE go mbíonn 'impleachtaí tábhachtacha ag leibhéil iomarcacha acmhainneachta déanta cruach don tionscal cruach, impleachtaí a bhaineann go minic le rósholáthar, praghsanna ísle, agus brabúsacht lag' ([10]). Luaigh sé freisin 'ar an leibhéal domhanda, déantar éifeachtaí na hacmhainneachta iomarcaí a tharchur trí thrádáil; d'fhéadfadh borradh faoin onnmhairiú teacht as acmhainneacht iomarcach, rud a d'fhágfadh go dtiocfadh laghdú ar phraghsanna agus go gcaillfí sciar den mhargadh i gcás táirgeoirí intíre atá san iomaíocht le hallmhairí' ([11]).

(8) Ar an gcaoi chéanna, léiríonn staidéir eile an rud céanna. Luadh i bpáipéar ón 'Economic Policy Institute' ([12]) in 2014 'go bhfágann acmhainneacht iomarcach go bhfuil toilleadh ag saoráidí táirgthe cruach chun i bhfad níos mó cruach a tháirgeadh ná a bhfuil éileamh air sa mhargadh. Costais sheasta arda, déine caipitil, agus an leibhéal ard déanta cruach, spreagann siad sin an barrachas a onnmhairiú ag rátaí faoi bhun an mhargaidh. [...] 'Tagann rótháirgeacht agus borradh onnmhairí as an acmhainneacht iomarcach' agus 'go bhfágann an déine ard caipitil sa tionscal go n-uasmhéadaítear táirgeacht chun costais sheasta a chumhdach, agus mar thoradh air sin, déantar rótháirgeacht a dhumpáil i margaí eachtracha – go háirithe margadh tarraingteach na Stát Aontaithe –nuair a bhíonn an t-éileamh intíre ag titim. Mar thoradh air sin, bhí borradh arís agus arís eile faoi thrádáil éagórach cruach le blianta anuas.'

(9) Ar an gcaoi chéanna, dúirt an Coimisiún Eorpach freisin, i dTeachtaireacht in 2016, 'mar gheall ar rótháirgeacht cruach, tháinig méadú suntasach ar onnmhairí le déanaí, díchobhsaíodh margaí cruach domhanda agus íslíodh praghsanna cruach ar fud an domhain' ([13]).

(10) Dá bhrí sin, tá réasúnaíocht eacnamaíoch a nglactar léi go ginearálta ann ina mínítear an ghníomhaíocht a dhéanann táirgeoirí onnmhairiúcháin chun fáil réidh lena n-acmhainneacht iomarcach ar mhargaí tríú tíortha (ag praghsanna níos ísle de ghnáth) chun rannchuidiú ar a laghad le cuid dá gcostais a chumhdach.

(11) Rinne an Coimisiún measúnú níos mionsonraithe ansin ar an nasc díreach idir an ró-acmhainneacht deimhnithe (agus an ró-acmhainneacht mhéadaitheach) atá ann san earnáil cruach, agus an méadú ar allmhairí isteach san Aontas.

(12) Nuair a bhíonn ró-acmhainneacht ann agus dreasacht ag táirgeoirí onnmhairiúcháin fáil réidh lena n-acmhainneacht iomarcach, dhíreoidís ar na margaí sin a ligfeadh dóibh méideanna níos airde a dhíol, i bprionsabal, agus, go hidéalach, ar phraghsanna níos fearr (i gcomparáid le tríú margaí eile). I ndáil leis sin, mhínigh an Coimisiún in aithrisí (1) go (4) go raibh an tAontas ina mhargadh tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin ó thaobh méid agus leibhéal praghsanna de araon. Léirigh na sonraí allmhairiúcháin a bhí ar fáil freisin go raibh méadú tapa tagtha ar allmhairí isteach san Aontas agus gur allmhairíodh méideanna móra díobh le linn na tréimhse ina raibh an ró-acmhainneacht ag méadú freisin ([14]), agus go raibh an méadú sin níos mó ná an méadú ar thomhaltas an Aontais ([15]), agus léirigh sé freisin gur lean allmhairí chuig an Aontas de bheith ag méadú fad a bhí a mhalairt de scéal i gceist le treocht na n-onnmhairí chuig tríú tíortha eile. Ina theannta sin, léirigh sonraí sa Rialachán Sealadach go ndearna táirgeoirí onnmhairiúcháin sladghearradh leanúnach ar tháirgeoirí de chuid an Aontais (i gcásanna áirithe go háirithe), rud a léiríonn a gcinneadh leanúint de thairbhiú de dhálaí tarraingteacha mhargadh an Aontais ([16]). Méid agus luas na n-allmhairí isteach san Aontas ar phraghsanna atá níos ísle go comhsheasmhach ná praghsanna thionscal an Aontais, i gcomhthéacs fás tomhaltais i bhfad níos moille, ba dheacair é sin a mhíniú go réasúnta ar an gcéad dul síos mura mbeadh ró-acmhainneacht ag dul i méid, rud a bhí i gcroílár iompar na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin.

(13) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur tháinig méadú ar allmhairí isteach san Aontas mar thoradh ar ró-acmhainneacht san earnáil cruach sa chéad tréimhse imscrúdúcháin.

([10]) Féach ECFE, '*Excess Capacity in the Global Steel Industry: The Current Situation and Ways Forward*', 2015, lch. 3.

([11]) Féach ECFE, '*Evaluating the Financial Health of the Steel Industry*', DSTI/SU/SC(2015)12/FINAL, an 9 Meitheamh 2017, lch. 25.

([12]) Ar fáil ag: https://www.epi.org/publication/surging-steel-imports

([13]) Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle Eorpach, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa, chuig Coiste na Réigiún agus chuig an mBanc Eorpach Infheistíochta — '*Steel: Preserving sustainable jobs and growth in Europe* [Cruach: Poist agus fás inbhuanaithe a chaomhnú san Eoraip]; COM (2016) 155 final, 16.3.2016.

([14]) Féach ECFE, '*Excess Capacity in the Global Steel Industry: The Current Situation and Ways Forward*', 2015, tábla ar lch. 2.

([15]) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháinig méadú 71 % ar allmhairí agus tháinig méadú 14 % ar thomhaltas.

([16]) Go sonrach, suíodh sladghearradh le haghaidh 17 gcatagóir táirgí, agus bhí na raonta idir 1,2 % agus 23 %.

1.1.2. *Méadú ar bhearta cosanta trádála agus bearta sriantacha trádála i dtríú tíortha*

(14) In aithrisí (33) agus (34) den Rialachán Sealadach, mhínigh an Coimisiún gur tháinig méadú suntasach ar úsáid ionstraimí cosanta trádála san earnáil cruach, go háirithe sna blianta sular tionscnaíodh imscrúdú coimirce an Aontais. Sonraíodh sa Rialachán Sealadach 'gur tionscnaíodh thart ar 77 n-imscrúdú a bhaineann le cruach in aghaidh na bliana le linn 2011-2013, ach gur mhéadaigh an meán sin go 117 le linn 2015-2016'. Thairis sin, lean tríú tíortha de bhearta sriantacha trádála a fhorchur le linn 2017 ([17]).

(15) Tríd is tríd, thug an Coimisiún faoi deara ó na sonraí ([18]) a rinne sé anailís orthu gur forchuireadh níos mó ná 300 beart cosanta trádála ar tháirgí cruach ([19]) sa tréimhse 2013-2017.

(16) Léirigh miondealú ar na figiúirí sin gur fhorchuir líon mór tíortha (24 dhlínse ar a laghad) na bearta sin, agus ina measc, na príomhthíortha allmhairiúcháin cruach uile ([20]). Bhí 157 mbeart forchurtha ag na tíortha sin sa tréimhse 2013-2017, i.e. níos mó ná 52 % den iomlán.

(17) Ag an am céanna, bhí na tíortha is mó a sheolann onnmhairí chuig an Aontas faoi réir líon mór beart i roinnt mhaith dlínsí le linn na tréimhse sin. Mar shampla, na seacht n-onnmhaireoir is mó chuig an Aontas ([21]), thug an Coimisiún faoi deara go raibh siad faoi réir thart ar 200 beart, is é sin, thart ar 66 % de na bearta iomlána atá i bhfeidhm in 24 thríú tír éagsúla ar a laghad.

(18) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún go raibh méid na mbeart ionstraimí cosanta trádála, i dtéarmaí líon na mbeart aonair agus na dtíortha a raibh tionchar orthu (iad ag forchur na mbeart agus faoi réir na mbeart araon) an-suntasach. Thug an Coimisiún dá aire freisin gur thug sonraí sa bhunchomhad le fios go bhféadfadh na figiúirí sin a bheith sách coimeádach fiú ([22]). Ina theannta sin, ba chosúil go raibh na dleachtanna a fhorchuirtear de bhun na mbeart sin ard go leor chun tionchar a imirt ar leibhéal na n-allmhairí a thagann isteach sna margaí sin, i gcomparáid leis an tréimhse sula raibh na bearta sin i bhfeidhm. Léiríodh é sin i laghdú foriomlán ar onnmhairí ó thíortha atá faoi réir bearta ionstraimí cosanta trádála isteach i dtríú margaí (féach aithris (19)), d'ainneoin nár athraigh dálaí foriomlána an mhargaidh go suntasach ([23]) agus, dá bhrí sin, ní thabharfadh sé údar, i bprionsabal, le laghdú chomh mór sin ar mhéideanna a onnmhairítear sin mura mbeadh éifeachtaí ag leibhéal na mbeart.

(19) Maidir leis sin, bunaithe ar na sonraí a ndearnadh anailís orthu, dheimhnigh an Coimisiún gurb éifeacht choiteann a bhí ag forchur na mbeart cosanta trádála é an laghdú ar allmhairí (laghdú suntasach i mórán cásanna) isteach sna tíortha atá faoi réir beart sa tréimhse tar éis iad a fhorchur. I ndáil leis an méid sin, thug an Coimisiún faoi deara, bunaithe ar anailís ar a imscrúduithe ionstraimí cosanta trádála féin ar tháirgí cruach ([24]), gur tháinig laghdú suas le 82 % ar allmhairí ar an meán i gcomparáid le leibhéal na n-allmhairí le linn na tréimhse imscrúdúcháin as ar eascair

([17]) Féach aithris (33) den Rialachán Sealadach.

([18]) Foinse: An Eagraíocht Dhomhanda Trádála, *Integrated Trade Intelligence Portal (I-TIP)* — asbhaint déanta an 28/11/2018, 10:58.

([19]) Lena gcumhdaítear na táirgí cruach sin faoin mbeart coimirce agus gan na bearta a fhorchuireann an tAontas Eorpach a chur san áireamh, chomh maith leo a fhorchuirtear ar allmhairí ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid an Aontais.Chun forléargas a fháil ar bhearta ionstraimí cosanta trádála arna bhforchur ag an Aontas Eorpach ar chatagóirí táirgí atá faoi réir an bhirt coimirce freisin, féach Iarscríbhinn 1.B. a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/1382 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2019, lena leasaítear Rialacháin áirithe lena bhforchuirtear bearta frithdhumpála nó frith-fhóirdheontais ar tháirgí áirithe cruach atá faoi réir bearta coimirce; IO L 227, 3.9.2019, lch. 1.

([20]) Le haghaidh tuilleadh eolais maidir leis na príomhthíortha allmhairiúcháin cruach le linn na tréimhse imscrúdúcháin, féach ECFE, 'Recent developments in steel trade and trade policy measures — A closer look at non-tariff trade measures' [Forbairtí le déanaí maidir le trádáil cruach agus bearta beartais trádála — scrúdú níos géire ar bhearta trádála neamhtharaife], DSTI/SC(2018)3, an 26 Eanáir 2018, leathanach 9, tábla 3. Ar fáil ag an nasc seo a leanas. (https://one.oecd.org/document/DSTI/SC(2018)3/en/pdf)

([21]) Ba iad na tíortha sin (liostaithe in ord aibítre): An Chóiré (10 %), an India (9 %), an Rúis (14 %), an tSín (10 %), an Téaváin (5 %), an Tuirc (22 %) agus an Úcráin (7 %). Ar an meán b'fhiú thart ar 75 % d'allmhairí an táirge lena mbaineann isteach san Aontas sa tréimhse 2013-2017 iad.

([22]) Féach aithris (76) d'aighneacht EUROFER an 16 Aibreán 2018 san imscrúdú bunaidh, rud a bhaineann le faisnéis níos mionsonraithe maidir le gach ceann de na bearta a mheastar, atá ar fáil in Iarscríbhinn A07 D.1. Foinse na sonraí: SBB Platts.

([23]) Féach sonraí ó CRU: bhí tomhaltas measartha cobhsaí in 2017 agus 2018 (ní raibh ach méadú 2 % ann).


([24]) Tugadh treocht den chineál céanna faoi deara nuair a bhí measúnú á dhéanamh ar thionchar beart ionstraimí cosanta trádála ar tháirgí eile seachas cruach.

forchur na mbeart. Sna cásanna sin, ba shuntasach méideanna na n-allmhairí ar imríodh tionchar orthu ([25]). Dheimhnigh an Coimisiún freisin go raibh éifeacht chomhchosúil ag bearta ionstraimí cosanta trádála ar chruach nuair a d'fhorchuir tríú tíortha iad. I sampla de 26 chás a ndearnadh measúnú orthu ([26]), dheimhnigh an Coimisiún go raibh an laghdú ar allmhairí 73 % ar an meán, agus go raibh na méideanna a ndearnadh difear dóibh ábhartha freisin ([27]). Dá bhrí sin, le forchur beart ionstraimí cosanta trádála ag tríú tíortha, laghdaíodh méid na n-onnmhairí chuig na tíortha sin, a bhí dírithe go páirteach ar a laghad ar mhargadh an Aontais.

(20) Thairis sin, an nasc soiléir idir líon méadaitheach na mbeart cosanta trádála i dtríú tíortha agus an méadú ar allmhairí isteach i margadh an Aontais, is tacar sonraí eile a léiríonn an nasc sin iad na treochtaí contrártha i gcás onnmhairí ó na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas a mhínítear in aithris (3) ([28]). I bhfianaise líon mór na mbeart cosanta trádála arna bhforchur ag tríú tíortha agus na n-éifeachtaí atá acu ar mhéideanna na n-allmhairí isteach sna tíortha a fhorchuireann beart (mar a shonraítear in aithrisí (18) agus (19)), deimhnítear leis an treocht sin go ndearnadh a gcumas onnmhairiú chuig tríú tíortha a chiorrú go suntasach. Dá bhrí sin, rinne siad iarracht fáil réidh leis na méideanna breise sin (a raibh tionchar ag ró-acmhainneacht orthu freisin) ar mhargadh tarraingteach an Aontais, margadh a raibh méadú comhsheasmhach ar allmhairí ann le linn na tréimhse céanna mar thoradh air sin, agus ar luas atá i bhfad níos airde ná éabhlóid an tomhaltais.

(21) Léiríonn an graf thíos ([29]) na treochtaí sin.

Graf 1 : Forbairtí ar allmhairí isteach san Aontas ó na 7 dtír is onnmhaireoir is mó chuig an Aontas, agus bearta carnacha arna bhforchur ag na tíortha sin



([25]) Bhí tionchar ag na bearta sin ar thart ar 15 mhilliún tona d'allmhairí comhcheangailte, agus as an méid sin, níor lean ach beagán níos mó ná 2 mhilliún tona de bheith ag teacht isteach sa mhargadh tar éis na mbeart. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an Nóta a ghabhann leis an gComhad, tábla 2.

([26]) Féach an Nóta a ghabhann leis an gcomhad dar dáta an 30 Samhain 2022, Tábla 3.

([27]) Chun beart ionstraimí cosanta trádála a fhorchur, ní mór na méideanna lena mbaineann gach imscrúdú a bheith os cionn *de minimis*. Ina theannta sin, is iondúil go ndéantar an chruach a thrádáil i méideanna sách mór mar a fheictear sna samplaí ó chleachtas an Aontais um ionstraimí cosanta trádála agus ó chásanna sampláilte de bhearta ionstraimí cosanta trádála i dtríú tíortha eile.

([28]) Tháinig thart ar 75 % d'iomlán na n-allmhairí isteach san Aontas sa tréimhse imscrúdúcháin ó na tíortha sin go comhsheasmhach.

([29]) Foinse: Le haghaidh allmhairí ón Aontas: Eurostat; le haghaidh bearta ionstraimí cosanta trádála: An Eagraíocht Dhomhanda Trádála, *Integrated Trade Intelligence Portal (I-TIP)*.

(22) Thug an Coimisiún faoi deara freisin nár tháinig aon laghdú mór ar an tomhaltas cruach foriomlán sa tréimhse sin, laghdú a mhíneodh an laghdú a tháinig ar onnmhairí chuig tríú tíortha. Dá bhrí sin, ní fhéadfaí an laghdú ar onnmhairí chuig tríú tíortha eile a mhíniú go réasúnta ach amháin tríd an éifeacht theorannaithe atá ag an réimse leathan de bhearta ionstraimí cosanta trádála nó ag bearta sriantacha trádála eile arna bhforchur ag líon mór dlínsí.

(23) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh méadú tagtha ar allmhairí isteach san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar thoradh ar an méadú ar ionstraimí cosanta trádála agus ar bhearta sriantacha trádála eile ar fud tríú tíortha.

1.1.3. *Beart Roinn 232 na Stát Aontaithe*

(24) In aithrisí (58) go (61) a ghabhann leis an Rialachán Cinntitheach, mhínigh an Coimisiún an nasc idir bearta Roinn 232 na Stát Aontaithe agus an méadú ar allmhairí isteach san Aontas. Ina theannta sin, in aithrisí (101) go (110) den Rialachán Cinntitheach, mheas an Coimisiún freisin éabhlóid na n-allmhairí isteach i margaí an Aontais agus na Stát Aontaithe ([30]).

(25) Ós rud é gur ag deireadh mhí an Mheithimh 2018 a thagann deireadh leis na sonraí a ndearnadh measúnú orthu chun méadú ar allmhairí a chinneadh (deireadh na Tréimhse is Déanaí), cumhdaíodh treochtaí allmhairiúcháin isteach san Aontas agus isteach sna Stáit Aontaithe ar feadh tréimhse réasúnta gearr tar éis do Roinn 232 na Stát Aontaithe teacht i bhfeidhm. Mar sin féin, mar a mhínítear in aithris (58) den Rialachán Cinntitheach, tionscnaíodh an t-imscrúdú as ar tháinig beart na Stát Aontaithe cheana féin i mí Aibreáin 2017 agus foilsíodh an tuarascáil lenar leagadh síos an bunús le glacadh an bhirt ina dhiaidh sin i mí Eanáir 2018, agus dá bhrí sin sainaithníodh na chéad chomharthaí de shraonadh trádála cheana féin.


(26) Léirigh na sonraí, cé gur tháinig laghdú beagnach aon mhilliún tona (-7 %) ar allmhairí isteach sna Stáit Aontaithe sa chéad leath de 2018 i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2017, gur a mhalairt de threocht, beagnach, a bhí i gceist le hallmhairí isteach san Aontas, áit ar tháinig méadú 1.2 milliún tona (+ 7 %) ar allmhairí.


(27) Is míniú ar an treocht sin é, maidir leis na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas, gur onnmhairigh siad méideanna ábhartha chuig margadh na Stát Aontaithe freisin. Cé go raibh laghdú ag teacht ar líon na n-onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe (mar thoradh ar éifeachtaí na dleachta 25 % faoi Roinn 232 na Stát Aontaithe), tháinig méadú comhthreomhar ar mhéid na n-onnmhairí i gcuid de na tíortha sin chuig an Aontas. Thairis sin, agus mar a mhínítear in aithris (3) thuas, tháinig laghdú ginearálta ar onnmhairí ó na tíortha sin chuig tríú margaí eile.

(28) Dá bhrí sin, toisc nach raibh sé indéanta na méideanna céanna a onnmhairiú chuig na Stáit Aontaithe tar éis do bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe teacht i bhfeidhm, bhí ar thíortha onnmhairiúcháin margaí eile a lorg dá gcruach. Sa chás sin, toisc go raibh margadh an Aontais an-tarraingteach ó thaobh méid agus praghsanna de i gcomparáid le tríú margaí eile, bhí sé ina spriocmhargadh nádúrtha do thíortha onnmhairiúcháin agus, mar thoradh air sin, tháinig méadú ar allmhairí, go háirithe ó thíortha tionscnaimh a chaill méideanna onnmhairiúcháin chuig na Stáit Aontaithe. Tá na treochtaí sin le feiceáil sna graif thíos ([31]).

([30]) Chun míniú a thabhairt ar an nasc idir Roinn 232 na Stát Aontaithe agus na hallmhairí méadaithe, ní dhéanann an Coimisiún tagairt, laistigh de na haithrisí sin, ach do na sonraí go dtí mí an Mheithimh 2018, an mhí sin san áireamh. Is é is cúis leis sin gur sa mheasúnú a rinneadh sa Rialachán Cinntitheach, cumhdaítear an méadú ar allmhairí sa tréimhse suas go dtí an mhí sin.

([31]) Foinse: GTA, onnmhairí carntha ón Tuirc, ón gCóire, ón Rúis agus ón Téaváin chuig na Stáit Aontaithe (graf 2); agus allmhairí carntha ó na tíortha céanna chuig Stáit Aontaithe Mheiriceá agus chuig an Aontas (graf 3).





(29) I bhfianaise na bhfíoras sin, dheimhnigh an Coimisiún gur tháinig méadú ar allmhairí isteach san Aontas, méadú a tharla le linn na tréimhse imscrúdúcháin mar thoradh ar bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe (mar aon leis na forbairtí eile gan choinne a bunaíodh).

Measúnú carnach

(30) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid freisin gur tharla an méadú ar allmhairí mar thoradh ar mheascán de na forbairtí gan choinne uile a sainaithníodh (ró-acmhainneacht dhomhanda, méadú ar bhearta cosanta trádála agus bearta sriantacha trádála i dtríú tíortha agus beart Roinn 232 na Stát Aontaithe). Ós rud é go raibh roinnt forbairtí gan choinne ann ag an am céanna, neartaítear an toradh go bhfuil nasc loighciúil ann idir an méadú ar allmhairí isteach san Aontas, ar margadh tarraingteach mór é le haghaidh onnmhairí cruach, agus na forbairtí gan choinne a sainaithníodh.

1.2. **Bagairt mhórdhíobhála**

(31) Suíodh leis an gcinneadh bunaidh, mura bhforchuirfeadh an tAontas beart coimirce, go raibh bagairt mórdhíobhála ann do na táirgeoirí intíre toisc go rabhthas ag súil leis go leanfadh allmhairí de bheith ag méadú, go háirithe mar gheall ar shraonadh trádála a bheadh ann de bharr bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe (ach gan a bheith teoranta don sraonadh sin), agus, ar an gcaoi sin, go méadófaí brú allmhairiúcháin i dtéarmaí praghsanna agus méideanna ([32]). Sa roinn seo den Rialachán, pléifear níos mionsonraithe an fáth a raibh bagairt mórdhíobhála ann agus a raibh bunús maith léi i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil tráth a forchuireadh an beart cinntitheach. Chun é sin a dhéanamh, cuirfear mínithe agus soiléirithe breise ar fáil sa roinn seo den Rialachán maidir leis na gnéithe seo a leanas as ar tháinig an toradh go bhfuil bagairt mórdhíobhála ann: i) staid thionscal an Aontais agus na cúiseanna lena théarnamh páirteach in 2017; ii) ról atá ag bearta ionstraimí cosanta trádála de chuid an Aontais i staid thionscal an Aontais; iii) tionchar bheart Roinn 232 na Stát Aontaithe — lena n-áirítear éabhlóid ar allmhairí isteach san Aontas le déanaí; iv) an éabhlóid is déanaí ar phraghsanna cruach agus amhábhar; v) staid na himeartha maidir le bearta ionstraimí cosanta trádála i dtríú tíortha agus maidir le ró-acmhainneacht; vi) ionchais agus réamhaisnéisí margaidh.

Tarraingteacht leanúnach mhargadh an Aontais

(32) In aithrisí (1) go dtí (4) thuas, mhínigh an Coimisiún an chaoi a raibh margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh méid agus praghsanna de agus conas a rannchuidigh na gnéithe sin le méid méadaitheach allmhairí isteach i margadh an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin.

(33) Mheas an Coimisiún go raibh na gnéithe sin fós mar an gcéanna ag deireadh an imscrúdaithe as ar eascair forchur na coimirce cinntithí, agus deimhníodh go raibh margadh an Aontais fós ina mhargadh tarraingteach ó thaobh méid ([33]) agus praghsanna de in 2018. Bhain na príomhthíortha onnmhairiúcháin cruach chuig an Aontas praghas níos airde amach i margadh an Aontais i gcomparáid leis na praghsanna onnmhairiúcháin a baineadh amach i dtríú margaí eile i gcás 48 % go 81 % de na cóid AC lena mbaineann ([34]). Ar an gcaoi sin deimhníodh an tarraingteacht leanúnach ó thaobh praghsanna de. Maidir le méid, ba mhargadh onnmhairiúcháin ábhartha é an tAontas go fóill. I gcás roinnt tíortha onnmhairiúcháin seoladh 40 % dá n-onnmhairí chuig an Aontas agus 25 % a bhí ann i gcás cuid eile acu, ag brath ar an tír is onnmhaireoir ([35]).

(34) Thairis sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach raibh aon eilimint i measc na sonraí a ndearnadh measúnú orthu, lena n-áirítear aighneachtaí ó pháirtithe leasmhara, lena dtabharfaí le fios nach mbeadh margadh an Aontais chomh tarraingteach céanna go luath amach anseo. Go deimhin, mar a léirítear san Iarscríbhinn seo (féach foranna 1.2.3 agus 1.2.5 thíos), bhí méadú ag teacht ar easpa margaí malartacha ina bhféadfadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na méideanna céanna nó méideanna comhchosúla onnmhairí a bhaint amach mar a rinne siad roimhe seo, agus mar thoradh air sin thiocfadh méadú breise ar an mbrú allmhairiúcháin ar mhargadh tarraingteach an Aontais.

1.2.1. *Staid thionscal an Aontais agus na fachtóirí arb iad is cúis lena théarnamh páirteach in 2017*

(35) I Roinn VI.1 den Rialachán Sealadach agus i Ranna 5.1 go 5.3 den Rialachán Cinntitheach, míníodh staid thionscal an Aontais ag deireadh na tréimhse a ndearnadh anailís uirthi, agus míníodh éabhlóid na dtáscairí díobhála ó 2013 i leith, inar thángthas ar an gconclúid go raibh tionscal an Aontais i staid leochaileach.

(36) An toradh go raibh leochaileacht ann d'ainneoin feabhas páirteach in 2017, míníodh sin le roinnt fachtóirí a d'fhág nach raibh tionscal an Aontais in ann leibhéil bhrabúsachta níos fearr ar an iomlán a bhaint amach go dtí 2017 i gcomparáid le blianta roimhe sin d'ainneoin allmhairí a bheith ag méadú go leanúnach ([36]).

(37) Ar an gcéad dul síos, bhí brabúsacht thionscal an Aontais le linn na tréimhse a ndearnadh anailís uirthi go dona tríd is tríd. Bhí caillteanais ann (2013) nó baineadh amach leibhéil bhrabúsachta an-íseal (2014-2016) le linn na tréimhse sin. Cé gur bhain an tionscal leibhéal níos sláintiúla brabúsachta amach den chéad uair le cúig bliana in 2017, ní raibh an leibhéal chomh mór sin is go gcúiteodh sé an fheidhmíocht sna ceithre bliana roimhe sin. Fiú sa bhliain sin, i gcás líon mór catagóirí táirgí, bhí brabúsacht fós íseal. Bhí trí chatagóir táirge fós ag cailleadh airgid

([32]) Féach aithrisí (90) agus (110) den Rialachán Cinntitheach.

([33]) Féach Coiste ECFE um Chruach – *Recent developments in steel trade and trade policy measures* [Forbairtí le déanaí maidir le trádáil cruach agus bearta beartais trádála], 17- 18.Meán Fómhair 2018, lch. 8, Tábla 2 (a léiríonn go raibh an tAontas ag comhdhlúthú a sheasamh mar phríomhthír allmhairiúcháin cruach ar fud an domhain in 2018).

([34]) Foinse: Ríomhanna AS TRADE bunaithe ar shonraí ón Global Trade Atlas (https://ihsmarkit.com/index.html) — amhábhair ar fáil le síntiús. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an Nóta a ghabhann leis an gcomhad dar dáta an 30 Samhain 2022, Tábla 1.

([35]) *Ibid*

([36]) Bearta ionstraimí cosanta trádála a fhorchur ar roinnt catagóirí táirgí, chuir sé sin leis an bhfeabhas sin, ach déantar anailís ar a ról sonrach i Roinn 1.2.2.

agus bhí 13 chatagóir táirgí gar do thairseach glanta na gcostas. Ní raibh ach seacht gcatagóir táirgí in ann teacht ar ais go leibhéal brabúis os cionn 6 % in 2017 ([37]). I ndáil leis sin, bhain príomhfhachtóir éagsúil in 2017 le forbairt agus leibhéal a phraghsanna díola aonaid agus leis an difríocht idir costas an táirgthe agus an costas sin sna mblianta roimhe sin. Maidir leis an bpraghas, tháinig méadú thart ar 18 % air in 2017 i comparáid leis an mbliain roimhe sin (ar méadú EUR 106/tona é). Ag an am céanna, fiú má tháinig méadú freisin ar chostas an táirgthe sa bhliain sin (méadú EUR 82/tona ar an mbliain roimhe sin) ([38]), bhí tionscal an Aontais in ann an corrlach (dearfach) ba mhó a bhaint amach idir an dá cheann sa tréimhse a ndearnadh anailís air (EUR 36/tona), rud as ar tháinig brabúsacht níos airde ([39]). Mar sin féin, de réir na bhforbairtí is déanaí a ndearnadh anailís orthu san imscrúdú, ní rabhthas ag súil leis go mbeadh an staid eisceachtúil ([40]) sin de chineál fadtéarmach agus bhí treochtaí soiléire ann a léiríonn go raibh sé ag cúlú cheana féin (féach Roinn 1.2.4).

(38) Ar an dara dul síos, cé go raibh tionscal an Aontais in ann méid na ndíolachán a mhéadú 7 % ar an iomlán in 2017 i gcomparáid le 2013 ([41]), rud a chuir lena fheidhmíocht a fheabhsú go páirteach sa bhliain sin, is léir nach raibh sé in ann tairbhe iomlán a bhaint as méadú i bhfad níos airde ar thomhaltas sa tréimhse chéanna (+ 14 %) ([42]) i margadh an Aontais cé go raibh acmhainneacht leordhóthanach fós ar fáil in 2017 (76 % in 2017 d'úsáid acmhainneachta i gcomparáid le 75 % in 2016) ([43]) chun a dhíolacháin intíre a mhéadú a thuilleadh. Is díol suntais gur ar éigean a chuir tionscal an Aontais feabhas ar a úsáid acmhainneachta in 2017 i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. D'fhéadfaí an fheidhmíocht shrianta sin a mhíniú leis an mbrú allmhairí atá ag dul i méid (i dtéarmaí méideanna agus praghsanna), brú a bhain do thionscal an Aontais le linn na tréimhse a ndearnadh measúnú air. Go deimhin, bhain allmhairí tairbhe i bhfad níos mó as an méadú ar thomhaltas ná mar a bhain táirgeoirí an Aontais. Fad agus a bhí táirgeoirí an Aontais ag cailleadh a sciar den mhargadh go comhsheasmhach bliain ar bhliain (ó 87.2 % go 81.9 %) ([44]), bhí méadú ollmhór (+ 71 %) ([45]) ag teacht ar allmhairí, agus méadaíodh a sciar den mhargadh ó 12.7 % in 2013 go 18.8 % in 2017 ([46]). Ba é an sciar den mhargadh a bhí ag allmhairí sa Tréimhse is Déanaí 18,8 %, méid a bhí níos airde fiú ná an sciar in 2017 (18,1 %). D'fhéadfaí na treochtaí sin a mhíniú tríd an sladghearradh leanúnach a rinne na hallmhairí ([47]), rud a chuir cosc ar thionscal an Aontais an leas is mó is féidir a bhaint as acmhainneacht iomlán na bhforbairtí sa mhargadh (nó acmhainneacht níos mó a bhaint amach ar a laghad).

(39) Ar an tríú dul síos, cé gur tháinig feabhas ar dhálaí margaidh ar an iomlán (tháinig méadú ar thomhaltas, ar dhíolacháin intíre agus ar leibhéil praghsanna), ní raibh tionscal an Aontais fós in ann níos mó post a chruthú, agus cailleadh beagnach 10 000 oibrí san Aontas le linn na tréimhse 2013-2017 ([48]). In 2017, tháinig laghdú an-bheag ar an leibhéal fostaíochta i gcomparáid le 2016. Ar deireadh, tháinig méadú 19 % ar na stoic le linn na tréimhse imscrúdúcháin agus bhí siad fós ard in 2017 ([49]).

(40) Dá bhrí sin, d'fheabhsaigh tionscal an Aontais a fheidhmíocht go páirteach in 2017 mar thoradh ar mheascán fachtóirí, go háirithe an méadú ar thomhaltas agus ar dhíolacháin intíre agus an difríocht níos airde idir praghas na cruach agus praghas an amhábhair ([50]), ach mar sin féin bhí an feabhas sin teoranta mar gheall ar an méid brú ó allmhairí a bhí ann sa bhliain sin, rud nár lig do thionscal an Aontais tairbhe níos mó a bhaint as na fachtóirí sin a bhí ann cheana. Sciar den mhargadh a chailliúint go leanúnach, an sladghearradh leanúnach ar fud catagóirí táirgí, nó na poist nach raibh sé in ann a ghnóthú, ba chomharthaí soiléire iad sin nach tionscal é a tháinig chuige féin go hiomlán ó éifeachtaí feidhmíochtaí diúltacha roimhe sin sna blianta roimhe sin, agus go raibh ról lárnach ag brú ó allmhairí maidir le bac a chur ar théarnamh den sórt sin.

([37]) Aithris (53) den Rialachán Sealadach.
([38]) Féach Tábla 15 den Rialachán Cinntitheach.
([39]) Rinneadh measúnú ar na treochtaí sin maidir leis an táirge lena mbaineann, agus ní maidir leis na catagóirí táirgí aonair.
([40]) Bunaithe ar chomparáid idir na blianta uile sa tréimhse a ndearnadh anailís uirthi.
([41]) Féach Tábla 4 den Rialachán Cinntitheach.
([42]) *Ibid*
([43]) Féach Tábla 5 den Rialachán Cinntitheach.
([44]) Féach Tábla 4 den Rialachán Cinntitheach.
([45]) Féach Tábla 2 den Rialachán Cinntitheach.
([46]) *Ibid*
([47]) Féach Iarscríbhinn III den Rialachán Sealadach.
([48]) Féach Tábla 7 den Rialachán Cinntitheach.
([49]) Féach Tábla 5 den Rialachán Cinntitheach.
([50]) Féach Roinn 1.2.2. chun míniú a thabhairt ar an ról a bhí ag bearta ionstraimí cosanta trádála a rinneadh le déanaí i bhfeidhmíocht thionscal an Aontais in 2017.

(41) Roinnt de na fachtóirí sin ar tháinig forbairt dhearfach orthu in 2017, bhí siad ag cúlú in 2018 (féach thíos na forbairtí is déanaí agus an fheidhmíocht a bhfuiltear ag súil léi i bpraghsanna cruach agus amhábhar, chomh maith le treochtaí tomhaltais a bhfuiltear ag súil leo), agus sin i gcás ina rabhthas ag súil leis go dtiocfadh méadú ar an mbrú ó allmhairí i dtéarmaí méideanna agus praghsanna, agus ó tharla sin amhlaidh, is diúltach an tionchar a bheadh acu ar staid airgeadais thionscal an Aontais.

(42) Is é sin le rá, cé go raibh tionscal an Aontais in ann téarnamh go páirteach mar gheall ar na forbairtí dearfacha carntha ar shraith príomhfhachtóirí sa mhargadh agus mar gheall ar mhéadú níos moille ar allmhairí in 2017 i gcomparáid leis na blianta roimhe sin ([51]), is é an toradh a bheadh ar an athrú diúltach ar na fachtóirí sin ag deireadh 2018 go mbeadh staid thionscal an Aontais ag dul in olcas de bharr an mhéadaithe breise leanúnaigh ar bhrú ó allmhairí, rud nach mbeadh tionscal an Aontais in ann é a sheasamh an uair seo mar gheall ar a mhéid agus ar an gcomhthéacs margaidh a bhfuil coinne leis. Mar thoradh air sin, ag deireadh na tréimhse imscrúdúcháin, bhí tionscal an Aontais i staid leochaileach i leith borradh breise ar allmhairí.

1.2.2. *Ról atá ag bearta ionstraimí cosanta trádála de chuid an Aontais i staid thionscal an Aontais in 2017*

(43) Sa Roinn seo, soláthraíonn an Coimisiún na mínithe breise is gá agus na sonraí tacaíochta is gá maidir leis an ról a bhí ag bearta na n-ionstraimí cosanta trádála ó thaobh téarnamh páirteach thionscal an Aontais in 2017.

(44) Ar an gcéad dul síos, chun an cleachtas sin a dhéanamh, roghnaigh an Coimisiún na bearta sin a forchuireadh sna blianta 2015 agus 2016 toisc gur mheas an Coimisiún gur féidir feidhmíocht thionscal an Aontais in 2017 a chur i leith éifeachtaí na mbeart sin go páirteach ([52]). Dá bhrí sin, faoi na paraiméadair sin, bhí sé bheart ionstraimí cosanta trádála forchurtha ag an gCoimisiún roimh 2017 ar allmhairí ó chatagóirí táirgí a cuireadh faoi réir an bhirt coimirce ina dhiaidh sin ([53]).

(45) Ba iad seo a leanas na bearta sin ([54]): Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/501 ón gCoimisiún ([55]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/181 ón gCoimisiún ([56]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1778 ón gCoimisiún ([57]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/113 ón gCoimisiún ([58]), Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1777 ón gCoimisiún ([59]) agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún ([60]).

([51]) Tháinig méadú thart ar 1 mhilliún tona ar iomlán na n-allmhairí agus tháinig méadú ar a sciar den mhargadh ó 17.9 % go 18.1 % ó 2016 go 2017, méadú atá níos lú ná an méadú bliain ar bhliain roimhe sin i ndearbhthéarmaí agus i dtéarmaí coibhneasta araon.

([52]) I ndáil leis sin, mheas an Coimisiún, mar shampla, gur rófhada siar a bheadh beart ionstraimí cosanta trádála a forchuireadh in 2013 le bheith nasctha le feidhmíocht fheabhsaithe an Aontais in 2017, agus dá bhrí sin, leis na bearta a roghnaíodh cuirtear bonn níos cruinne agus níos iomchuí leis an anailís.

([53]) I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé nach mbeadh raon feidhme birt ionstraimí cosanta trádála maidir le táirge áirithe, i dtéarmaí na gcód AC a chumhdaítear, ag teacht go hiomlán le sainmhíniú táirge faoin mbeart coimirce, mar sin is comhfhogasú é an measúnú sin.

([54]) Na tagairtí do na rialacháin sin, baineann siad leis na rialacháin lena bhforchuirtear beart sealadach, mar, chun críoch praiticiúil, fad is a bhí dleacht (sealadach nó cinntitheach) i bhfeidhm, glacadh leis go bhfuil tionchar comhchosúil aige ar na méideanna a thrádáiltear. Sna cásanna sin uile, forchuireadh beart cinntitheach mar thoradh ar an imscrúdú.

([55]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/501 ón gCoimisiún an 24 Márta 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cothroma fuar-rollta de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine, (IO L 79, 25.3.2015, lch. 23).

([56]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/181 ón gCoimisiún an 10 Feabhra 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cothroma fuar-rollta áirithe de chruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise, (IO L 37, 12.2.2016, lch. 1).

([57]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1778 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí táirgí cothroma teo-rollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, (IO L 272, 7.10.2016, lch. 33).

([58]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/113 ón gCoimisiún an 28 Eanáir 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí barraí cruach treisithe d'fheidhmíocht ardtuirse de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 23, 29.1.2016, lch. 16).

([59]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1777 ón gCoimisiún an 6 Deireadh Fómhair 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála shealadach ar allmhairí plátaí troma áirithe de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 272, 7.10.2016, lch. 5).

([60]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleachtanna frithchúitimh cinntitheacha ar allmhairí táirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothroma teorollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne, (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17).

(46) Thug an Coimisiún faoi deara gur tháinig feabhas córasach ar bhrabúsacht tháirgeoirí an Aontais sna catagóirí táirgí sin sa bhliain tar éis fhorchur na mbeart. Go háirithe, chinn an Coimisiún gur tháinig feabhas ar an mbrabúsacht go ginearálta in 2017 ([61]), cé gur fhan brabúsacht íseal i gcás líon mór catagóirí táirgí, go háirithe i gcás na gcatagóirí táirgí atá faoi réir bearta ionstraimí cosanta trádála le déanaí, agus gur mhéadaigh praghsanna allmhairiúcháin tríú tíortha (seachas iad atá faoi réir na mbeart ionstraimí cosanta trádála atá i gceist) go sealadach de ghnáth in 2017 tar éis fhorchur na mbeart ionstraimí cosanta trádála ([62]).

(47) Thairis sin, na méideanna a ndearna na bearta cosanta trádála a forchuireadh le déanaí difear dóibh, ba iad thart ar 40 % d'iomlán na n-allmhairí laistigh de na catagóirí táirgí a bhí faoi réir bearta ionstraimí cosanta trádála a forchuireadh le déanaí sa tréimhse faoi bhreathnú ([63]), agus sna blianta tar éis fhorchur na mbeart ionstraimí cosanta trádála sin, tháinig laghdú níos mó ná 90 % ar a méideanna i margadh an Aontais ([64]). Dá bhrí sin, de bharr an laghdaithe shuntasaigh ar allmhairí a thrádáiltear go héagórach, laghdú is toradh ar fhorchur na mbeart, bhí táirgeoirí an Aontais agus tíortha onnmhairiúcháin eile in ann a bpraghsanna díolacháin a mhéadú in 2017.

(48) Thairis sin, tháinig feabhas suntasach ar bhrabúsacht i ngach catagóir táirgí atá faoi réir bearta cosanta trádála a rinneadh le déanaí ([65]), agus bhí an feabhas sin níos mó ná 6 % in 2017 i gcás cuid acu ([66]). Maidir leis an gcuid eile de na catagóirí, bhí an pictiúr níos éagsúla: bhí brabúsacht níos mó ná 6 % i gceist le líon beag catagóirí, sin nó beagnach an leibhéal sin ([67]), bhí leibhéal lag nó íseal brabúsachta i gceist le catagóirí eile ([68]), agus i gcás roinnt eile bhí caillteanas á dhéanamh nó bhí an bhrabúsacht thart ar 1 % ([69]), gan beann ar na treochtaí le déanaí. Léiríonn sé sin nach mar an gcéanna a bhí an pictiúr i dtéarmaí éabhlóid na brabúsachta i measc na gcatagóirí agus, i dtéarmaí foriomlána, go raibh an chuid is mó de na catagóirí ([70]) cailleadh airgid in 2017, sin nó bhí leibhéil neamhfholláine brabúsachta acu, fiú dá mbeadh feabhas tagtha ar a staid i gcásanna áirithe i gcomparáid leis an mbliain roimhe sin. Ar an mbealach sin, deimhnítear leochaileacht staid fhoriomlán thionscal an Aontais d'ainneoin an staid a bheith níos fearr ná mar a bhí sa bhliain roimhe sin.

(49) Mar sin féin, mar a mhínítear thíos, treocht shealadach a bhí sa mhéadú ar an bpraghsáil in 2017 agus thosaigh sí ag cúlú in 2018 nuair a bhí an tAontas ag dul i ngleic le méadú ar allmhairí ó thríú tíortha go príomha, ar tíortha iad nach bhfuil faoi réir bearta cosanta trádála, agus leis an sraonadh trádála arbh é beart Roinn 232 na Stát Aontaithe ba chúis leis. Léirítear é sin i méid na n-allmhairí sa Tréimhse is Déanaí, méid a shroich 31 314 thona, arb é an leibhéal ba mhó riamh é, cé gur forchuireadh bearta cosanta trádála le déanaí i roinnt catagóirí táirgí. Léiríodh leis sin, cé gur rannchuidigh bearta ionstraimí cosanta trádála a rinneadh le déanaí le feabhas páirteach agus sealadach a chur ar thionscal an Aontais, go ndearna siad tairbhe freisin do na tíortha onnmhairiúcháin sin nach raibh faoi réir beart, ar tháinig méadú suntasach ar a láithreacht i margadh an Aontais freisin ([71]).

(50) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún gur rannchuidigh forchur na mbeart ionstraimí cosanta trádála le feidhmíocht fhoriomlán tháirgeoirí an Aontais, a mhéid a bhaineann leis na catagóirí sin ([72]).

([61]) Foinse: Anailís AS TRADE ar tháscairí díobhála a foilsíodh sna bearta ábhartha, agus anailís ar na freagraí ar an gceistneoir a sholáthair tionscal an Aontais in aghaidh na catagóire táirgí faoi chuimsiú an imscrúdaithe coimirce bunaidh. Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an Nóta a ghabhann leis an gComhad dar dáta an 30 Samhain 2022, Tábla 4.

([62]) Foinse: Eurostat

([63]) Suim na n-allmhairí atá faoi réir bearta ionstraimí cosanta trádála ag na himscrúduithe sin (cé go mbaineann siad le tréimhsí imscrúdúcháin éagsúla agus le blianta éagsúla, e.g. 2013 go 2015), bhí sí beagán os cionn 5 mhilliún tona.

([64]) Foinse: Anailís AS TRADE ar a chásanna ionstraimí cosanta trádála féin maidir le méid na n-allmhairí sa tréimhse imscrúdúcháin ábhartha, agus Eurostat le haghaidh figiúirí allmhairiúcháin tar éis na tréimhse imscrúdúcháin i gcás gach ceann de na himscrúduithe sin le haghaidh an chur chun feidhme sin.

([65]) Catagóirí 1, 2, 7, 9, 12 agus 13.

([66]) Catagóirí 1, 2 agus 9.

([67]) Féach catagóirí 4, 8 agus 14.

([68]) Féach catagóirí 5, 6, 15, 16 agus 26

([69]) Féach catagóirí 3, 17, 18, 20, 21, 22, 23, 25 agus 28.

([70]) Cúig chatagóir déag ar a laghad as iomlán de thrí chatagóir is fiche faoi réir beart sealadach (ar tugadh miondealú ina leith in Iarscríbhinn III den Rialachán Sealadach).

([71]) Mar shampla, mhéadaigh an Tuirc a láithreacht i margadh an Aontais i gcatagóir 1, áit a raibh an tSín faoi réir bearta ionstraimí cosanta trádála i mí Dheireadh Fómhair 2016, ó 1 062 247 tona in 2016 go 2 mhilliún tona in 2017 (agus beagnach 3 mhilliún tona in 2018. Ar an gcaoi chéanna, mhéadaigh an India ó 443 551 tona go 1 121 334 tona in 2017, agus mhéadaigh an Éigipt ó 47 400 tona in 2016 go 409 432 tona in 2017.

([72]) I Roinn 1.2.1. míníodh na cúiseanna leis an bhfeabhas foriomlán i gcás thionscal an Aontais a mhéid a bhaineann leis an táirge lena mbaineann.

(51) Ina theannta sin, léirigh an réasúnaíocht i ranna 1.2.1 agus 1.2.2 go soiléir nach raibh tionchar ná tairbhe ag roinnt tosca a mhíníonn téarnamh páirteach an Aontais (e.g. tomhaltas) i leith táirgeoirí de chuid an Aontais agus ar an gcaoi chéanna, toisc go raibh na tíortha onnmhairiúcháin in ann méadú mór a dhéanamh (+ 71 % ar mhéideanna) ar a láithreacht ar mhargadh an Aontais, rud a bhí táirgeoirí an Aontais a chaill sciar den mhargadh thíos leis, agus nár tháinig ach méadú measartha beag ar mhéideanna foriomlána díolacháin (+ 7 %) orthu i gcomparáid le fás leanúnach na n-allmhairí.

1.2.3. *Tionchar beart Roinn 232 na Stát Aontaithe*

(52) Sa Rialachán Cinntitheach ([73]) tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh Roinn 232 na Stát Aontaithe ina chúis le sraonadh trádála suntasach isteach i margadh an Aontais.

(53) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún anailís níos mionsonraithe ar na patrúin allmhairiúcháin isteach san Aontas agus sna Stáit Aontaithe, i dtéarmaí foriomlána agus ar rinneadh anailís bhreise ar iompar tíortha onnmhairiúcháin áirithe. Léiríodh san anailís sin, agus comparáid á déanamh idir na hallmhairí isteach sna Stáit Aontaithe agus isteach san Aontas sa chéad leath de 2018 agus an chéad leath de 2017, gur tháinig laghdú beagnach aon mhilliún tona (-7 %) ar allmhairí isteach sna Stáit Aontaithe i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2017, ach gur a mhalairt de threocht, beagnach, a bhí i gceist le hallmhairí isteach san Aontas, áit ar tháinig méadú 1.2 milliún tona (+ 7 %) ar allmhairí (Féach aithris (26) thuas). Nuair a dhéantar measúnú ar na forbairtí sa dara leath de 2018 agus sa tréimhse chéanna in 2017, is léir gur géire na treochtaí contrártha sin. Go deimhin, tháinig laghdú 2.4 milliún tona (-19 %) ar allmhairí isteach sna Stáit Aontaithe agus tháinig méadú níos mó ná 2 mhilliún tona (+ 15 %) ar allmhairí isteach san Aontas ([74]).

(54) Mar thoradh air sin, tháinig laghdú foriomlán bliantúil 3.3 milliún tona (-13 %) ar allmhairí isteach sna Stáit Aontaithe agus méadú 3.2 milliún tona (+ 11 %) ar allmhairí isteach san Aontas, as ar tháinig laghdú 72 % de na méideanna iomlána isteach sna Stáit Aontaithe agus méadú 63 % ar allmhairí san Aontas sa dara leath de 2018 ([75]).

(55) Dá bhrí sin, léirigh luas agus méid na dtreochtaí allmhairí sin sa dara leath de 2018 go raibh tionchar níos mó ag beart Roinn 232 na Stát Aontaithe de réir a chéile mar a bhí sé i bhfeidhm cheana féin ar feadh cúpla mí, agus go raibh na tíortha onnmhairiúcháin ag dul i dtaithí go tapa ar staid nua an mhargaidh ([76]).

(56) Ag díriú ar iompar na dtíortha onnmhairiúcháin chuig margadh na Stát Aontaithe agus an Aontais Eorpaigh araon, dheimhnigh an Coimisiún an treocht sin. Mar shampla, tíortha amhail an Tuirc, an Rúis, an Chóiré Theas agus an Téaváin ([77]), tíortha ar tháinig méideanna suntasach onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe agus chuig an Aontas astu, bhí na treochtaí seo a leanas ann in 2018 i gcomparáid le 2017: Laghdaigh an Tuirc a onnmhairí chuig na Stáit Aontaithe faoi thart ar 850 000 tona (- 45 %) agus mhéadaigh sé a onnmhairí chuig an Aontas faoi 2.6 milliún tona

([73]) Féach aithrisí (57) go (62), agus Tábla 12 den Rialachán Cinntitheach.

([74]) Chun an méid sin a chur i gcomhthéacs, ríomh bunúsach a thógfadh an meánphraghas cruach san Aontas in 2017, léiríonn sé go bhféadfadh tionscal an Aontais díolacháin intíre ar fiú EUR 1.4 billiún iad a chailleadh de bharr na n-allmhairí breise sin. Dá bhrí sin, léiríonn sé go raibh an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag na díolacháin bhreise sin ábhartha.

([75]) Cé go raibh an méadú ar allmhairí isteach san Aontas ó 2016 go 2017 i bhfad níos lú, thart ar 1 mhilliún tona.

([76]) Féach freisin Coiste ECFE um Chruach — *Recent developments in steel trade and trade policy measures* [Forbairtí le déanaí maidir le trádáil cruach agus bearta beartais trádála], 17-18 Meán Fómhair, 2018, lch. 8, Tábla 2.

([77]) Tráth a glacadh an beart coimirce cinntitheach, ní raibh ach na ceithre bheart ionstraimí cosanta trádála seo a leanas i bhfeidhm a dhéanann difear d'allmhairí isteach san Aontas (trí i gcoinne na Rúise agus ceann amháin i gcoinne na Téaváine): Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1795 ón gCoimisiún an 5 Deireadh Fómhair 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothroma teo-rollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh na Brasaíle, na hIaráine, na Rúise agus na hÚcráine agus lena bhfoirceanntar an t-imscrúdú ar allmhairí táirgí cothroma teo-rollta áirithe d'iarann, de chruach neamh-chóimhiotail nó de chruach chóimhiotail eile de thionscnamh na Seirbia, IO L 258, 6.10.2017, lch. 24. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2016/1328 ón gCoimisiún an 29 Iúil 2016 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach agus lena mbailítear go cinntitheach an dleacht shealadach arna forchur ar allmhairí táirgí cothroma fuar-rollta áirithe de chruach de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise, IO L 210, 4.8.2016, lch. 1. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/1469 ón gCoimisiún an 1 Deireadh Fómhair 2018 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann nó de chruach, de thionscnamh na Rúise agus na hÚcráine, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, IO L 246, 2.10.2018, lch. 20. Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1429 ón gCoimisiún an 26 Lúnasa 2015 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí cothroma fuar-rollta de chruach dhosmálta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Téaváine, (IO L 224, 27.8.2015, lch. 10).

(+ 56 %). Ar an gcaoi chéanna, tháinig laghdú breis agus 250 000 tona (-36 %) ar onnmhairí na Rúise chuig na Stáit Aontaithe agus tháinig méadú 870 000 tona (+ 23 %) orthu chuig an Aontas, tháinig laghdú breis agus 880 000 tona (-27 %) ar onnmhairí na Cóiré Theas chuig na Stáit Aontaithe agus tháinig méadú thart ar 250 000 tona (+ 8 %) orthu chuig an Aontas, agus ar deireadh tháinig laghdú thart ar 160 000 tona (-14 %) ar onnmhairí na Téaváine chuig na Stáit Aontaithe agus tháinig méadú breis agus 500 000 tona (+ 40 %) orthu chuig an Aontas ([78]).

(57) Dá bhrí sin, léirigh na figiúirí sin go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin in ann, i gcoitinne, cuid de na méideanna a cailleadh sna Stáit Aontaithe a loingsiú chuig margadh an Aontais, agus i gcásanna áirithe a láithreacht i margadh an Aontais a mhéadú go mór os cionn na méideanna a cailleadh sna Stáit Aontaithe. I bhfianaise mhéid mhargadh na Stát Aontaithe ([79]), ós rud nár cuireadh beart Roinn 232 na Stát Aontaithe i bhfeidhm ach roinnt míonna roimhe sin agus, dá bhrí sin, nach raibh na héifeachtaí iomlána a bhí beartaithe aige bainte amach aige go fóill ([80]), bhí sé réasúnta a bheith ag súil leis go leanfadh na honnmhairí chuig na Stáit Aontaithe de bheith ag laghdú go suntasach agus go mbeadh táirgeoirí onnmhairiúcháin in ann oiriúnú do na himthosca sin agus a láithreacht i margadh an Aontais a mhéadú a thuilleadh.

(58) Dá bhrí sin, dheimhnigh an Coimisiún go bhféadfadh beart Roinn 232 na Stát Aontaithe a bheith ina cúis le sraonadh trádála níos mó fós ar onnmhairí isteach i margadh an Aontais go luath amach anseo.

1.2.4. *An éabhlóid is déanaí ar phraghsanna cruach agus amhábhar*

(59) Sa Rialachán Cinntitheach thug an Coimisiún dá aire ‘gur thosaigh praghsanna cruach san Aontas ag dul i laghad ó bhí an tríú ráithe de 2018 ann’ ([81]).

(60) I ndáil leis sin, thug an Coimisiún faoi deara i roinn 1.2.1 thuas, ar cheann de na fachtóirí a mhínigh feabhas páirteach ar fheidhmíocht thionscal an Aontais in 2017, bhí an difríocht idir praghas cruach agus costas amhábhair níos airde ná mar a bhí in aon cheann de na blianta roimhe sin den tréimhse a ndearnadh anailís uirthi. Mar sin féin, léirigh anailís mhionsonraithe bhreise ar na forbairtí is déanaí sular forchuireadh beart cinntitheach go raibh an treocht ag cúlú agus go raibh an difríocht dhearfach idir an dá cheann ag laghdú de réir a chéile, agus dá bhrí sin go mbeadh tionchar diúltach aige sin ar fheidhmíocht eacnamaíoch thionscal an Aontais.

(61) Mar a léirítear i ngraf 4 thíos ([82]), tháinig laghdú seasta ar phraghsanna cruach san Aontas sa dara leath de 2018. D’fhéadfaí a bheith ag súil leis go leanfadh an treocht sin ar aghaidh i bhfianaise ionchais éiginnte an mhargaidh (féach Roinn 1.2.6) agus mar thoradh ar an mbrú allmhairiúcháin leanúnach agus méadaitheach i dtéarmaí méideanna agus praghsanna, ar dócha go mbeadh éifeacht íslitheach ag an treocht sin ar phraghsanna i bhfianaise dálaí margaidh atá ag dul in olcas nó éiginnte, rud a d’fhágfadh nach mbeadh tionscal an Aontais in ann a phraghsanna a oiriúnú do na costais mhéadaithe. I ngraf 5 ([83]) tá sé le feiceáil conas a bhí an praghas ar roinnt de na príomh-amhábhair déanta cruach ag méadú i gcónaí le linn na tréimhse céanna.

([78]) Foinse: i gcás allmhairí na Stát Aontaithe (GTA); i gcás allmhairí AE (Eurostat).


([79]) Bhí margadh cruach na Stát Aontaithe ar cheann de na cinn scríbe allmhairiúcháin is coitianta de réir méid – Féach ECFE, ‘Forbairtí le déanaí maidir le Trádáil Cruach agus Bearta Beartais Trádála’, DSTI/SC(2018)3, lch. 9, tábla 3.


([80]) Féach aithris (35) den Rialachán Sealadach: ‘Ríomh na Stáit Aontaithe, dá bhforchuirfí taraif aonair thar tháirgí faoi bhearta Roinn 232, agus mura gcuirfí ach líon an-bheag tíortha as an áireamh, ba cheart laghdú thart ar 13 mhilliún tona teacht ar allmhairí — arb ionann é agus 7 % de thomhaltas an Aontais.’

([81]) Féach aithris (89) den Rialachán Cinntitheach.

([82]) Foinse: Eurostat le haghaidh praghsanna allmhairiúcháin, agus S&P Global Commodity Insights le haghaidh phraghsanna HDG agus HRC.

([83]) Foinse: S&P Global Commodity Insights.


Graf 4: Galbhánú Teothumtha (HDG), Cornaí Teorollta (HRC) agus praghsanna allmhairiúcháin sa dara leath de 2018
800,0
750,0
700,0
650,0
600,0
550,0
500,0
450,0
EUR/tona
IÚIL
LÚN
MF
DF
SAM
NOL
Praghas allmhairiúcháin
Praghas HDG
Praghas HRC


Graf 5: Praghsanna amhiarainn agus guail in EUR sa dara leath de 2018
210,0
200,0
190,0
180,0
170,0
160,0
150,0
Praghas guail in EUR
61,0
60,0
59,0
58,0
57,0
56,0
55,0
54,0
53,0
52,0
51,0
50,0
Praghas amhiarainn in EUR
IÚIL
LÚN
MF
DF
SAM
NOL
Praghas guail
Praghas amhiarainn

(62) Dá bhrí sin, treochtaí comhcheangailte den sórt sin, nach raibh aon chomhartha ann go n-aisiompódh siad go luath amach anseo, chuirfidís tionscal an Aontais i staid airgeadais níos déine fós.

(63) Ina theannta sin, mheas an Coimisiún go mbeadh na treochtaí maidir le sladghearradh ar na praghsanna intíre a sainaithníodh san imscrúdú bunaidh níos measa fós i gcás inar dócha go mbeadh brú allmhairiúcháin breise ann agus i margadh nach mbeadh aon fhás suntasach ann. Ar an gcaoi sin, chruthófaí deacrachtaí breise do tháirgeoirí de chuid an Aontais a mbeadh an cinneadh rompu dul san iomaíocht le haghaidh sciar den mhargadh, rud a d'fhágfadh nach mbeadh a bpraghsanna chomh hinbhuanaithe, nó leibhéal níos airde praghsanna a chaomhnú agus an sciar den mhargadh a chailleadh. Sa dá chás, bheadh tionchar diúltach ar a fheidhmíocht airgeadais.

(64) Thairis sin, thug an Coimisiún dá aire gur tharla an éabhlóid sin ar phraghsanna i gcomhthráth leis an tréimhse ina raibh beart coimirce sealadach i bhfeidhm cheana féin (ó lár mhí Iúil 2018). Dá bhrí sin, cuireann sé sin in iúl go raibh iompraíocht allmhairiúcháin níos ionsaithí fós ag tíortha onnmhairiúcháin faoin mbeart, agus gur léirigh na tíortha sin go raibh spéis fós acu méideanna móra a dhíol ar mhargadh an Aontais d'ainneoin beart coimirce sealadach a bheith i bhfeidhm.

1.2.5. *Staid na himeartha maidir le bearta ionstraimí cosanta trádála i dtríú tíortha agus maidir le ró-acmhainneacht*

(65) I Ranna 1.1.1 agus 1.1.2, mhínigh an Coimisiún an éabhlóid agus an staid is déanaí maidir le ró-acmhainneacht agus bearta ionstraimí cosanta trádála i dtríú tíortha. I bhfianaise na faisnéise sin, mheas an Coimisiún nár dhócha go dtiocfaí athrú ar an staid reatha go luath amach anseo. Mar shampla, de ghnáth forchuirtear bearta ionstraimí cosanta trádála ar feadh tréimhse cúig bliana, agus is féidir síneadh breise a chur leo. Go háirithe, ós rud é gur forchuireadh cuid mhaith de na bearta sna blianta beaga sular glacadh beart coimirce cruach an Aontais ([84]), socraíodh go leanfaí ar aghaidh leo sa tréimhse go díreach romhainn, ar a laghad. Maidir le ró-acmhainneacht, níor léiríodh sna tuarascálacha a ndearna an Coimisiún tagairt dóibh go raibh comharthaí ann go raibh ró-acmhainneacht ag dul síos go mór. Más rud ar bith é, thug siad le fios go bhféadfadh staid na ró-acmhainneachta domhanda san earnáil dul in olcas a thuilleadh ([85]). Go deimhin, bhí an Fóram Domhanda maidir le Ró-acmhainn sa Tionscal Cruach an-soiléir nuair a tháinig sé ar an gconclúid gur fadhb leanúnach é an ró-acmhainneacht go déanach in 2018. Luaigh sé, 'Cruthaíonn toilleadh iomarcach déanta cruach – ar dúshlán domhanda é a chuireann isteach ar an earnáil go fóill – deacrachtaí suntasacha do tháirgeoirí cruach i ngeilleagair ardfhorbartha, éiritheacha agus i mbéal forbartha araon' ([86]).

(66) Na héifeachtaí cruthaithe a bhí ag na fachtóirí sin i bhfoirm méadú suntasach ar allmhairí ar mhargadh an Aontais, tá sonraí orthu sin i Roinn 1.1 thuas, agus sa Rialachán Cinntitheach chomh maith. Ós rud é go raibh siad le leanúint ar aghaidh go luath amach anseo, bhíothas ag súil leis go mbeadh a n-éifeachtaí den chineál céanna agus, dá bhrí sin, in éineacht le beart Roinn 232 na Stát Aontaithe, chruthóidís méadú breise ar allmhairí isteach san Aontas, rud a mbeadh éifeachtaí diúltacha aige sin ar thionscal an Aontais, mura bhforchuirfí aon bheart coimirce.

(67) Dá bhrí sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go mbeadh ról tábhachtach fós ag na heilimintí sin i margadh cruach an Aontais go luath amach anseo agus, dá bhrí sin, go raibh siad ábhartha chun anailís a dhéanamh ar bhagairt mórdhíobhála.

1.2.6. *Ionchais agus réamhaisnéisí margaidh*

(68) Le linn na tréimhse a ndearnadh anailís uirthi, tháinig méadú bliain ar bhliain ar thomhaltas cruach i margadh an Aontais ([87]). Leis an treocht sin, bhí tionscal an Aontais in ann, go ginearálta, méid na ndíolachán a mhéadú, rud a d'fhág go raibh sé in ann maolú a dhéanamh go pointe áirithe ar éifeachtaí an bhrú allmhairiúcháin a raibh sé faoina réir, brú a léirítear tríd an sladghearradh leanúnach agus caillteanas seasta an sciar den mhargadh. Mar a

([84]) Cuireadh tús le thart ar 140 de na himscrúduithe as ar eascair glacadh beart in 2015 nó níos déanaí, agus dá bhrí sin, socraíodh go mbeidh a ré i bhfeidhm, i bprionsabal, go dtí 2021 ar a laghad (is é sin 2 bhliain ar a laghad tar éis imscrúdú coimirce an Aontais a thabhairt i gcrích). Foinse: An Eagraíocht Dhomhanda Trádála, *Integrated Trade Intelligence Portal (I-TIP)*.

([85]) Féach ECFE, '*Recent Developments in Steelmaking Capacity*' [Forbairtí le déanaí maidir le hAcmhainneacht Déanta Cruach], DSTI/SC (2018)2/FINAL: 'tugtar le fios san fhaisnéis nuashonraithe maidir le tionscadail infheistíochta a fógraíodh go bhfuil beagnach 52 mhilliún tona á chur leis an acmhainneacht faoi láthair agus go bhféadfaí é sin a chur ar fáil le linn na tréimhse trí bliana 2018-20. Tá 39 milliún tona breise acmhainneachta sna céimeanna pleanála, agus tá seans ann go dtosófar ar an obair sin le linn na tréimhse céanna'.

([86]) An Fóram Domhanda maidir le Ró-acmhainn sa Tionscal Cruach, Tuarascáil Aireachta, 20 Meán Fómhair 2018, mír 2.

([87]) An Rialachán Cinntitheach, tábla 4.

mhínítear i Roinn 1.2.1, in 2017 bhí an méadú sin ar dhíolacháin i gcomhthéacs téarnamh praghsanna (i dtéarmaí foriomlána agus i gcomparáid le héabhlóid na gcostas araon), rud a ligeadh do thionscal an Aontais téarnamh i bpáirt ó fheidhmíocht airgeadais dhiúltach chomhsheasmhach sna blianta roimhe sin. I Roinn 1.2.4, thug an Coimisiún faoi deara go raibh praghsanna cruach san Aontas ag titim i gcomhthráth le méadú ar phraghsanna amhábhar.

(69) Ina dhiaidh sin, rinne an Coimisiún measúnú ar na hionchais agus réamhaisnéisí eacnamaíocha don tréimhse a bheadh tar éis an t-imscrúdú a thabhairt chun críche chun a mheas an ann do bhagairt mórdhíobhála, agus anailís á déanamh aige ar fhoinsí margaidh speisialaithe éagsúla.

(70) I ndáil leis an méid sin, léirigh foinsí go comhsheasmhach go raibh éiginnteacht ann agus go laghdódh an t-éileamh ar chruach ar fud an domhain go luath amach anseo. Luaigh an Worldsteel Association go 'leanfaidh an moilliú ar an éileamh ar chruach ar aghaidh in 2019 (...). Is rioscaí iad Brexit gan mhargadh agus cogadh trádála' ([88]). Luaigh sé freisin, 'cé go raibh neart an téarnaimh maidir leis an éileamh ar chruach in 2017 fós le brath in 2018, tá méadú tagtha ar na rioscaí. Tá méadú ag teacht ar an neamhchinnteacht mar gheall ar an teannas trádála atá ag méadú agus ar ghluaiseachtaí luaineacha airgeadra' ([89]).

(71) Luaigh ECFE 'go bhfuil cuma leochaileach ar théarnamh (na ndálaí sa mhargadh cruach) mar gheall ar mhíchothromaíochtaí struchtúracha leanúnacha' ([90]). Foinsí margaidh eile cosúil le S &P Global Platts, luaigh siad an éiginnteacht sin freisin ina 'Global Market Outlook' i mí na Nollag 2018.

(72) Thairis sin, tháinig an Fóram Domhanda maidir le Ró-acmhainn sa Tionscal Cruach ar an gconclúid i mí Mheán Fómhair 2018, 'cé gur léirigh dálaí an mhargaidh cruach téarnamh timthriallach áirithe in 2017, is lag fós an treocht bhunúsach maidir leis an éileamh domhanda ar chruach agus tá an ró-acmhainneacht fós suntasach ([91]).

(73) Ar an gcaoi chéanna, luaigh Eurofer (Comhlachas Cruach san Aontas) '(...) easaontais trádála leanúnacha leis na Stáit Aontaithe, agus an t-éileamh domhanda atá ag fuarú, tugann siad le fios go bhféadfadh rioscaí seachtracha leanúint de bheith ag ardú, rud a mhéadódh éiginnteacht agus a d'fhágfadh go lagófaí ionchais d'úsáideoirí cruach an Aontais' ([92]).

(74) Dá bhrí sin, na sonraí ó fhoinsí éagsúla a ndearnadh anailís orthu, léirigh siad go comhsheasmhach gurb é an t-ionchas go dtiocfadh méadú beag ar thomhaltas cruach, ar a mhéad, cé nach raibh sé sin cinnte fiú toisc go raibh na hionchais ag dul in olcas agus go raibh an neamhchinnteacht atá ag dul i méid. Mar thoradh air sin, an mhoill ar an éileamh domhanda ar chruach, is dóchúla fós go ndíolfadh onnmhaireoirí cruach isteach i margadh tarraingteach an Aontais.

Conclúid maidir le bagairt mórdhíobhála

(75) Deimhníodh sna sonraí a ndearnadh anailís orthu sa Roinn seo gur dócha go dtiocfadh méadú ábhartha ar allmhairí agus, dá bhrí sin, go leanfaí ar aghaidh leis an mbrú allmhairiúcháin, i gcás méideanna agus praghsanna araon, mar thoradh ar an ró-acmhainneacht leanúnach agus ar líon méadaitheach na mbeart ionstraimí cosanta trádála i dtríú tíortha, a mbeadh éifeachtaí acu ar onnmhairí go fóill. Ina theannta sin, is rídhócha go mbraitear éifeachtaí Roinn 232 na Stát Aontaithe ar bhealach níos láidre le himeacht ama, rud a chuirfeadh brú breise ar mhargadh an Aontais trí bhaol méadaithe a bheith ann maidir le sraonadh trádála, a raibh comharthaí de ann cheana féin.

(76) I bhfianaise an mhéid sin, dheimhnigh an Coimisiún freisin na treochtaí contrártha i gcás praghsanna cruach agus praghsanna amhábhar sa dara leath de 2018, agus go bhfuil ionchas margaidh éiginnte ann don tréimhse amach romhainn.

(77) Dá bhrí sin, i bhfianaise na n-eilimintí a ndearnadh anailís orthu san Iarscríbhinn seo, mar aon leis na torthaí sa chinneadh bunaidh, dheimhnigh an Coimisiún go raibh bagairt mhórdhíobhála ann agus go dtarlódh a leithéid sin dá mba rud é nár fhorchuir an Coimisiún beart coimirce cinntitheach.

([88]) Féach Worldsteel Association – *Global Steel Market Outlook* – Cruinniú Choiste um Chruach ECFE, an 17 Meán Fómhair 2018.

([89]) Féach Worldsteel Association – *Worldsteel Short Range Outlook*, mí Dheireadh Fómhair 2018, Preaseisiúint.

([90]) Féach ECFE, Forbairtí sa Mhargadh Cruach, 85ú Seisiún an Choiste um Chruach, mí Mheán Fómhair 2018. Féach freisin leathanach 7 agus leathanach 8 d'Ionchas Eacnamaíoch Domhanda ECFE, an 17 Meán Fómhair 2018, ina bhfuil athbhreithniú anuas ar ionchais fáis (san Aontas freisin), ina luaitear 'gur mhoilligh an trádáil dhomhanda tráth a bhí neamhchinnteachtaí beartais trádála ag dul i méid'.

([91]) An Fóram Domhanda maidir le Ró-acmhainn sa Tionscal Cruach, Tuarascáil Aireachta, 20 Meán Fómhair 2018, mír 2.

([92]) Féach EUROFER – *Economic and Steel Market Outlook 2018-2019*, an 25 Deireadh Fómhair 2018.

1.3. **oibleagáidí a raibh méadú ar allmhairí mar thoradh orthu**

(78) In Airteagal XIX:1(a) de CGTT 1994, leagtar síos sa chuid ábhartha: 'más rud é, mar thoradh... ar éifeacht na n-oibleagáidí arna dtabhú ag [Comhalta] faoin gComhaontú seo, lena n-áirítear lamháltais taraife, go bhfuil aon táirge á allmhairiú isteach i gcríoch an [Chomhalta] sin i méideanna méadaithe den sórt sin...'.

(79) Tá roinnt línte taraife sa *táirge* atá i gceist ([93]).

(80) Maidir leis na línte taraife sin, mar thoradh ar lamháltais taraife a rinneadh i mbabhtaí caibidlíochta iltaobhacha trádála roimhe seo, tá gealltanais taraife ag an Aontas Eorpach mar a leanas ([94]):

— 0 % *ad valorem*

(81) Inscríobhadh na lamháltais sin, tráth an chinnidh coimirce, i gCuid I, Roinn II de Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá deimhnithe mar Sceideal AE CLXXIII — an tAontas Eorpach an 1 Nollaig 2016 ([95]), arna leasú. Bhí an colún le haghaidh 'dleachtanna agus muirir eile' sa Sceideal sin agus maidir leis na línte taraife thuas folamh.

(82) Mar thoradh ar na lamháltais sin atá inscríofa i Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais Eorpaigh, atá i gceangal le GATT agus a ionchorpraíodh de bhun Airteagal II:7 de GATT 1994, bhí *oibleagáidí a tabhaíodh faoi GATT 1994* ag an Aontas Eorpach tráth an chinnidh coimirce, go háirithe mar seo a leanas: Airteagal XI:1, lena dtoirmisctear srianta neamhtharaife ar allmhairiú na dtáirgí thuasluaite, agus, go tábhachtach, Airteagal II:1(a) agus Airteagal II:1(b), an chéad abairt agus an dara habairt, de CGTT 1994. Faoi Airteagal II:1(b), an chéad abairt, ní cheadaítear don Aontas, in éagmais eisceacht infheidhme, gnáthdhleachtanna custaim a fhorchur ar an táirge i gceist de bhreis ar na cinn a leagtar amach agus a fhoráiltear sa chuid ábhartha de Sceideal Lamháltas agus Gealltanas an Aontais, i.e. an ráta nialasach a luaitear thuas i gcás gach ceann de na línte taraife a chumhdaítear. Tráth a rinneadh an cinneadh coimirce bunaidh agus tráth a forchuireadh an beart coimirce cinntitheach, 0 % a bhí i dtaraifí allmhairiúcháin an Aontais a cuireadh i bhfeidhm ar an táirge a chumhdaítear leis an mbeart coimirce. Is é sin le rá, i gcás gnáthdhleachtanna custaim, ba iad na taraifí sin a cuireadh i bhfeidhm an t-uasmhéid a cheadaítear faoi Airteagal II:1(a) agus faoi Airteagal II:1(b), an chéad abairt, de CGTT 1994. Maidir le dleachtanna nó muirir eile, ní raibh aon solúbthacht ann faoi Airteagal II:1(b), an dara habairt, chun dleachtanna nó muirir bhreise eile a thabhairt isteach seachas gnáthdhleachtanna custaim.

(83) Bhí an táirge atá faoi réir na coimirce á allmhairiú i gcainníochtaí méadaithe (mar a suíodh sa choimirce chinntitheach) *mar thoradh* ar na hoibleagáidí thuas a glacadh faoi GATT 1994 (Airteagal XI:1, Airteagal II:1(a) agus Airteagal II:1(b), an chéad abairt agus an dara habairt, de CGTT 1994), toisc go ndearna na hoibleagáidí sin, in éineacht leis na lamháltais taraife a rinne an tAontas Eorpach sna babhtaí i ndiaidh a chéile de chaibidlíochtaí iltaobhacha trádála, na coinníollacha maidir le rochtain ar an margadh d'allmhairí an táirge atá faoi réir coimirce ar mhargadh an Aontais Eorpaigh a fheabhsú agus a dhaingniú. Mar thoradh ar ghealltanais taraife thuasluaite an Aontais Eorpaigh, tháinig méadú ar allmhairí agus níor tugadh aon deis don Aontas gnáthdhleachtanna custaim a mhéadú in ionad beart coimirce a thabhairt isteach. Ag an am céanna, míníonn sé sin an chaoi ar tháinig méadú ar allmhairí de thoradh na n-oibleagáidí atá i gceist a raibh an baol ann go ndéanfaidís mórdhíobháil .

(84) Na hoibleagáidí GATT a sonraíodh, chuir siad cosc ar an Aontas ag an am céanna na dleachtanna allmhairiúcháin a chuirtear i bhfeidhm ar an táirge atá i gceist a mhéadú. Dá bhrí sin, ba iad sin 'oibleagáidí an Aontais Eorpaigh faoi GATT 1994 [a chuir] srian ar a chumas díobháil ó mhéadú ar allmhairí a chosc nó a leigheas'. I gcomhthráth, chuir an tAontas Eorpach 'na hoibleagáidí sin ar fionraí mar gheall' ar a bheart coimirce.**"**

([93]) Féach Iarscríbhinn I den Rialachán Cinntitheach.

([94]) Chun tuilleadh eolais a fháil, féach an Nóta a ghabhann leis an gcomhad dar dáta an 30 Samhain 2022, Tábla 5.

([95]) Doiciméad na hEagraíochta Domhanda Sláinte, WT/Let/1220